Lúnasa 2024/QP 23 @QQI

# BEARTAS QQI.

## Croí-Bheartais agus Critéir chun Forais Cháiliúcháin Liostaithe (LABanna) a Bhunú

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# RÉAMHRÁ

Is comhlacht reachtúil é QQI a bhfuil feidhmeanna sainráite aige lena n-áirítear bunú forais cháiliúcháin liostaithe (LABanna) a cheadú agus tá na Beartais agus na Critéir seo bunaithe aige faoi Alt 55E(1)(a) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. ("Acht 2012") arna leasú[1].

Is próiseas rialaitheach é bunú LABanna a cheadú, trína gcinntear cibé an foras oiriúnach í eagraíocht, ag tagairt do dhámhachtainí ar leith, chun dámhachtainí den sórt sin a dhéanamh. Beidh LAB cuimsithe ar Chlár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ)[2].

Is féidir le LABanna ceadaithe iarratas a dhéanamh chuig QQI ar a gcuid dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Glacann QQI le hiarratais chun LAB a bhunú ó:

- Eagraíochtaí a sholáthraíonn a gcláir féin as a leanfaidh dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat, ar a dtugtar **forais cháiliúcháin liostaithe soláthraí (LABanna)** orthu.
- Eagraíochtaí a fhostaíonn soláthraithe eile, ar a dtugtar soláthraithe comhlachaithe, chun na cláir as a leanfaidh dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat a sheachadadh, ar a dtugtar **forais cháiliúcháin liostaithe neamhsholáthraí (LABanna).**
- Féadfaidh eagraíochtaí múnla chumaisc a oibriú trína seachadann siad cuid dá gcláir féin as a leanann dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat agus trína bhfostaítear soláthraithe comhlachaithe chun cláir eile a sheachadadh as a leanfaidh dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat agus is **forais cháiliúcháin liostaithe cumaisc (LABanna)** a thugtar orthu seo.

Cuirfidh QQI treoir ar fáil do LABanna ionchasacha maidir leis an gcineál LAB is oiriúnaí dá n-eagraíocht aonair.

1 Achtanna Leasaithe (lawreform.ie)
2 www.irq.ie

# CUID 1: COMHTHÉACS

## 1. RÉAMHRÁ

Seo iad na croí-bheartais agus critéir chun LAB a bhunú. Is próiseas rialála é seo trína gcinntear an comhlacht oiriúnach í eagraíocht, maidir le dámhachtainí áirithe, chun dámhachtainí den sórt sin a dhéanamh.

Baineann cuimsiú na ndámhachtainí laistigh den Chreat le dámhachtainí go ginearálta, i dtéarmaí chineál agus aicme na dámhachtana, seachas na cásanna aonair ina mbronntar an dámhachtain ar dhuine. Beidh freagracht iomlán ar LAB as maoirsiú a dhéanamh ar dhámhachtainí aonair d'fhoghlaimeoirí. Is féidir cásanna aonair de dhámhachtainí a dhéanamh agus leibhéal CNC acu atá bunaithe ar an dámhachtain a chuimsiú sa Chreat agus a liostú ar an IRQ.

## 2. AN BUNÚS LE LABanna A BHUNÚ AGUS DÁMHACHTAINÍ A CHEADÚ LENA GCUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT

Is feidhm reachtúil de chuid QQI é bunú na LABanna a leagtar amach in Alt 55 d'Acht 2012 (arna leasú).

### 2.1 CAD IS DÁMHACHTAIN ANN?

Cáilíocht is ea dámhachtain a bhronntar ar fhoghlaimeoir ar éirigh leis/léi clár oideachais nó oiliúna a chríochnú trí na caighdeáin riachtanacha eolais, scile nó inniúlachta a thaispeáint.

Úsáideann QQI na téarmaí dámhachtainí agus cáilíochtaí go hidirmhalartaithe i gcomhthéacs na hÉireann. Meastar gur cáilíocht aon dámhachtain atá cuimsithe laistigh den Chreat. Is féidir cúrsaí micreadhintiúr a chuimsiú mar cháilíochtaí laistigh den CNC. Cé gur fiú a thabhairt faoi deara nach gá cúrsa micreadhintiúr a chuimsiú laistigh den CNC.

### 2.2 CAD IS DÁMHACHTAIN LAISTIGH DEN CHREAT ANN?

Tá gach dámhachtain atá cuimsithe laistigh den Chreat bunaithe ar chaighdeáin aitheanta a shonraítear i dtéarmaí eolais, scile nó inniúlachta[3] agus a chuirtear in iúl mar thorthaí foghlama. Is éard atá i dtorthaí foghlama ná ráitis den mhéid a bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag foghlaimeoir cláraithe, a thuigfidh agus, nuair is cuí, a léireoidh sé/sí, ar chríochnú an chláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtain a chuimsítear sa Chreat.

Bíonn leibhéal, cineál dámhachtana, aicme dámhachtana, agus caighdeán dámhachtana ag gabháil le gach dámhachtain laistigh den Chreat. Tá caighdeáin ghinearálta dámhachtana ann a

3 Córas leibhéal agus cineálacha dámhachtainí atá sa Chreat atá bunaithe ar chaighdeáin eolais, scile nó inniúlachta atá le gnóthú ag foghlaimeoir chun teideal a thabhairt don fhoghlaimeoir ar dhámhachtain. Féach S43 d'Acht 2012 (arna leasú).

ghabhann le leibhéal laistigh den Chreat nó le cineál dámhachtana. **Is é an foras cáiliúcháin atá freagrach as caighdeáin shonracha dámhachtana do dhámhachtainí ainmnithe a chur i dtoll a chéile.**

## 2.3 CAD IS FORAS CÁILIÚCHÁIN ANN?

Comhlacht a eisíonn dámhachtainí trína n-aithnítear go foirmiúil torthaí foghlama (eolas, scileanna, inniúlachtaí) an duine, tar éis gnás measúnaithe.

## 2.4 CAD IS LAB ANN?

Is foras cáiliúcháin é LAB nach bhfuil cumhachtaí reachtúla aige sa Stát chun dámhachtainí CNC a dhéanamh agus féachann sé lena dhámhachtainí a chuimsiú go deonach laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Ní fhéadfaidh LAB a chumhacht chun dámhachtainí a chuimsítear sa CNC a dhéanamh a tharmligean ná a aistriú.

## 2.5 AN BUNÚS REACHTÚIL LE BUNÚ LABanna

Éascaíonn alt 55 d'Acht 2019 (Leasaithe) bunú catagóir nua d'fhoras cáiliúcháin ar a dtabharfar 'foras cáiliúcháin liostaithe (LAB)' mar mheicníocht chun raon níos leithne cáilíochtaí a chuimsiú go deonach sa CNC.

Áirítear ar fheidhmeanna QQI bunú LABanna a cheadú agus cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat (Alt 55 d'Acht 2012 (arna leasú)) a cheadú.

Faoi Alt 55E(1)(a) d'Acht 2012 (arna leasú) a bhunaítear na beartais agus na critéir seo.

Is cion é faoi Acht 2012 (arna leasú) d'fhoras cáiliúcháin a mhaíomh nó a léiriú go bréagach gur cheadaigh QQI iad mar LAB nó gur cheadaigh QQI a ndámhachtainí lena gcuimsiú laistigh den Chreat.

## 2.6 AN LUACH A BHAINEANN LE LABanna A BHUNÚ

Seo a leanas **tairiscint luacha** scéim na LABanna, agus cuimsiú na ndámhachtainí laistigh den Chreat:

- Leanúint de bhun**fhís** agus rún an CNC a sheachadadh mar mhodh chun cáilíochtaí a fhorbairt agus chun gnóthachtálacha foghlama a aithint.
- A chur ar chumas foghlaimeoirí agus céimithe forais cháiliúcháin gairmiúla, earnála agus idirnáisiúnta in Éirinn páirt a ghlacadh ar shlí níos éasca i mbeartais agus nósanna imeachta um **rochtain, aistriú agus forchéimniú** atá i bhfeidhm cheana féin ar fud na hearnála agus leas a bhaint astu.
- A chinntiú gur féidir dámhachtainí na gcomhlachtaí seo **a chur in iúl** mar chuid den chóras oideachais agus oiliúna i gcoitinne agus na féidearthachtaí agus na deiseanna a bhaineann

le rochtain, aistriú agus forchéimniú agus aitheantas réamhfhoghlama a dhéanamh infheicthe.

- **Rogha** níos fearr de dhámhachtainí atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí.
- Dearbhú agus **iontaoibh** a thabhairt d'fhoghlaimeoirí maidir le dámhachtainí atá á ndéanamh agus na forais cháiliúcháin a sheachadann iad.
- **Aitheantas** a thabhairt don fhoghlaim atá á déanamh ag foghlaimeoirí cheana féin trí mheicníocht a sholáthar chun dámhachtainí den sórt sin a chuimsiú sa Chreat.
- A chinntiú go mbíonn an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí **ábhartha** agus **freagrúil** i gcónaí thírdhreach oideachais agus oiliúna atá ag athrú.
- Ailíniú le creataí cáilíochtaí idirnáisiúnta a **chaomhnú**, mar atá an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) agus an QF EHEA ('Bologna').

## 2.7 COMHLACHTAÍ NACH MÓR DÓIBH CUR ISTEACH AR BHUNÚ MAR LAB

Ní éilíonn an reachtaíocht ar aon chomhlachtaí sonracha bunú mar LAB a lorg. Mar sin féin, toisc go gceanglaítear a ndámhachtainí a bheith cuimsithe laistigh den Chreat, beidh sé de cheangal ar fhorais cháiliúcháin a bheith bunaithe mar LAB chun leanúint de chaidreamh dámhachtana le soláthraithe ábhartha áirithe a luaitear in Alt 48 d'Acht 2012 (arna leasú), mar atá:

- An Foras,
- An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta
- Teagasc
- Bord Iascaigh Mhara
- Foras oideachais nó oiliúna arna bhunú agus arna chothabháil ag bord oideachais agus oiliúna
- Scoil aitheanta a mhéid is go soláthróidh an scoil oideachas nó gairmoiliúint aosach, leanúnach nó ghairmiúil as a leanann dámhachtain
- Bord oideachais agus oiliúna

Leagtar amach in alt 55B(2) d'Acht 2012 (arna leasú) na forais cháiliúcháin agus na soláthraithe sin nach gá dóibh iad féin a bhunú mar LAB. Áirítear leis seo QQI, DABanna, soláthraithe a oibríonn faoi údarás tarmligthe QQI agus comhlachtaí a dhéanann dámhachtainí faoin Acht Oideachais 1998.

## 2.8 TÁILLÍ

Foilsítear sceideal na dtáillí mar mhí ar leithligh.

## 2.9 CEADÚ SIARGHABHÁLACH

Bunaítear LAB ón dáta ceadaithe agus ní bhreithneofar dámhachtainí a ceadaíodh le cuimsiú laistigh den Chreat ach amháin ón dáta sin ar aghaidh. Soláthróidh QQI ráiteas ginearálta

inchomparáideachta do na dámhachtainí sin a eisíodh sula gcuimsítear iad sa Chreat. Foilseofar é seo ar an IRQ.

Níl aon tionchar ag an mbeartas seo ar dhámhachtainí a bhí cuimsithe laistigh den CNC roimh thabhairt isteach an bheartais seo. Is féidir le dámhachtainí a bhain leas as ailíniú le CNC roimhe seo leanúint ar aghaidh ag tagairt d'ailíniú don tréimhse ábhartha.

# CUID 2: NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS AR BHUNÚ MAR LAB A CHINNEADH. RÉAMHRIACHTANAIS ROIMH IARRATAS AR BHUNÚ MAR LAB

## 3.1 ÍOSCHEANGLAIS

Sular féidir cinneadh a dhéanamh bunú LAB a cheadú, ní mór don iarratasóir fianaise a léiriú gur chomhlíon sé na híoscheanglais. Ní mór d'fhoras cáiliúcháin gach íoscheanglas sonraithe a chomhlíonadh i gceann amháin den dá chatagóir a leagtar amach thíos.

- Tagraíonn an téarma 'forais cháiliúcháin bhunaithe' d'fhorais cháiliúcháin, idirnáisiúnta agus intíre, atá ag tairiscint dámhachtainí sa Stát cheana féin,
- Tagraíonn an téarma 'forais cháiliúcháin atá ag teacht chun cinn' d'fhorais cháiliúcháin, idirnáisiúnta agus intíre, atá ag iarraidh dul isteach i margadh na hÉireann den chéad uair.

Tabhair faoi deara: foras cáiliúcháin nach gcomhlíonann na ceanglais chun bheith ina fhoras cáiliúcháin bunaithe, ní cháilíonn sé go huathoibríoch mar fhoras cáiliúcháin atá ag teacht chun cinn.

### Ioscheanglais d'fhorais cháiliúcháin *bunaithe*

A. Formhuiniú ó údarás poiblí ábhartha a bhfuil seasamh eolasach aige ar an bhforas cáiliúcháin agus a dhámhachtainí. Ní mór seasamh eolasach a bheith ag an údarás poiblí ábhartha maidir leis an eagraíocht ina cháil mar fhoras cáiliúcháin. Is iad na húdaráis phoiblí ábhartha sin an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, aire rialtais eile, an tÚdarás um Ard-Oideachas, SOLAS, comhlacht aitheantais ghairmiúil nó DAB. Féadfar formhuinithe ó údaráis phoiblí eile a mheas a bheith iomchuí ar bhonn cáis[4].

B. Stair 20 bliain ar a laghad de bheith ag bronnadh dámhachtainí in Éirinn[5].

C. Fianaise gur comhlíonadh riachtanas aitheanta margaidh/foghlama/scileanna/fostaíochta/sochaí.

D. Fianaise ar dhea-cháil mar fhoras cáiliúcháin, agus go háirithe maidir leis na dámhachtainí agus na réimsí ábhair atá beartaithe.

4 Cuirfidh QQI treoir ar fáil do na LABanna aonair maidir le hoiriúnacht na n-údarás poiblí molta.
5 Léiríonn sé seo an t-achar ama a bhí an CNC i bhfeidhm tráth cheadú na mbeartas seo.

E. I gcás ina bhfuil foras cáiliúcháin bunaithe go príomha lasmuigh den Stát, ní mór dó a bheith faoi réir rialacháin/maoirseachta ag an údarás ábhartha cáilíochta agus/nó dearbhaithe cáilíochta sa dlínse sin nó sna dlínsí sin agus ní mór dó fianaise scríofa a sholáthar ón údarás nó ó na húdaráis ábhartha ag dearbhú go bhfuil dea-cháil ar an iarratasóir, nach bhfuil aon imscrúduithe ar feitheamh agus nach bhfuil aon bhunús imní ag an gcomhlacht rialála.[6]

F. Deimhniú agus fianaise ar an gcineál LAB atá beartaithe (i.e.) soláthraí, neamhsholáthraí nó cumaisc.

Nó

**Íoscheanglais d'fhorais cháiliúcháin atá *ag teacht chun cinn***

A. Fianaise leordhóthanach ar riachtanas foghlama/margaidh/sochaí atá ag teacht chun cinn.

B. Fianaise leordhóthanach go bhfuil an t-eolas agus an taithí riachtanach ag an bhforas cáiliúcháin atá ag teacht chun cinn chun freastal ar an riachtanas foghlama/margaidh/sochaí neamhchomhlíonta atá ag teacht chun cinn.

C. Formhuiniú ó údarás poiblí ábhartha a bhfuil seasamh eolasach aige ar an bhforas cáiliúcháin agus a dhámhachtainí. Ní mór seasamh eolasach a bheith ag an údarás poiblí ábhartha maidir leis an eagraíocht ina cháil mar fhoras cáiliúcháin. Is iad na húdaráis phoiblí ábhartha sin an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, aire rialtais eile, an tÚdarás um Ard-Oideachas, SOLAS, comhlacht aitheantais ghairmiúil nó DAB. Féadfar formhuinithe ó údaráis phoiblí eile a mheas a bheith iomchuí ar bhonn cáis[7].

D. Teastaíonn tacaíocht agus formhuiniú breise ó údarás poiblí ábhartha amháin eile ar a laghad a chaithfidh a bheith ina chomhlacht maoinithe, nó ina roinn rialtais/gníomhaireacht earnála poiblí le saineolas agus/nó freagracht ar leith a bhaineann leis na dámhachtainí/réimse ábhair atá beartaithe.

E. Ní mór fianaise a bheith ann go bhfuil dóthain maoinithe poiblí ann le haghaidh cáilíochtaí foras cáiliúcháin den sórt sin.

F. I gcás ina bhfuil foras cáiliúcháin bunaithe go príomha lasmuigh den Stát, ní mór dó a bheith faoi réir rialacháin/maoirseachta ag an údarás cáilíochta iomchuí sa dlínse sin agus ní mór dó fianaise scríofa a sholáthar ón údarás sin ag dearbhú go bhfuil dea-cháil ar an iarratasóir, nach bhfuil aon imscrúduithe ar feitheamh agus nach bhfuil aon bhunús imní ag an gcomhlacht rialála [8].

G. Deimhniú agus fianaise ar an gcineál LAB atá beartaithe (i.e.) soláthraí, neamhsholáthraí nó cumaisc.

## 3.2 RANNPHÁIRTÍOCHT LE QQI

Moltar do LABanna ionchasacha teagmháil a dhéanamh go luath le QQI agus a dheimhniú go bhfuil na ceanglais íosta seo bainte amach acu sula n-ullmhaíonn siad iarratas.

6 Tá sé beartaithe ag QQI comhaontuithe a bhunú le rialtóirí ábhartha chun an fhaisnéis seo a sholáthar.
7 Cuirfidh QQI treoir ar fáil do na LABanna aonair maidir le hoiriúnacht na n-údarás poiblí molta.
8 Tá sé beartaithe ag QQI comhaontuithe a bhunú le rialtóirí ábhartha chun an fhaisnéis seo a sholáthar.

# 4. STÁDAS LAB

## 4.1 FREAGRACHTAÍ DÁMHACHTANA AGUS SOCRUITHE INSTITIÚIDEACHA

Tá foras cáiliúcháin freagrach as dámhachtainí a dhéanamh atá ceadaithe lena gcuimsiú laistigh den Chreat agus féadfaidh sé soláthraithe comhlachaithe a fhostú chun cláir as a leanfaidh na dámhachtainí a sheachadadh. Mar sin féin, ní féidir ach soláthraithe comhlachaithe[9] **ceadaith**e a fhostú chun cláir as a leanfaidh dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat a sholáthar agus ní mór iad a bhainistiú laistigh de pharaiméadair nósanna imeachta DC an fhorais cháiliúcháin. I gcás inar soláthraí ábhartha é soláthraí comhlachaithe faoin Acht, agus go bhfuil a nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta (DC) ceadaithe ag QQI, is féidir le LAB glacadh leis an gceadú seo in ionad a cheadú DC féin a sheoladh.  Tá LABanna freagrach go hiomlán as DC soláthraithe nach bhfuil faoi shainchúram QQI.

Mar a leagtar amach in Alt 55(F) d'Acht 2012, cuireann soláthraí comhlachaithe clár oideachais agus oiliúna ar fáil a shásaíonn na réamhriachtanais go léir do dhámhachtain an LAB atá cuimsithe laistigh den Chreat.

Tá céim thosaigh na scéime seo dírithe ar na forais cháiliúcháin sin a oibríonn laistigh de theorainneacha DC an tsoláthair oideachais agus oiliúna atá ag teacht leis an gcur chuige reatha rialála atá ag QQI. Mar sin, níl comhlachtaí scrúdaithe agus deimhniúcháin i dteideal iarratas a dhéanamh chun a bheith ina LAB faoi láthair, ach déanfar athbhreithniú ar an staid seo tar éis an chéad chéim den chur chun feidhme, nach mairfidh níos faide ná cúig bliana.

Is comhlacht é comhlacht scrúdaithe nó deimhniúcháin nach ndearbhaíonn cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna ach a eagraíonn agus a stiúrann scrúdú/measúnú na foghlama chun críocha deimhniúcháin amháin. Ní cheadófar do LABanna a thairgeann scrúdú nó deimhniú gan soláthar DC as a leanann an scrúdú nó an teastas dámhachtain den sórt sin a chuimsiú laistigh den Chreat sa chéim thosaigh.

## 4.2 RAON FEIDHME AN LIOSTAITHE

Bunaítear mar LAB le tagairt do na dámhachtainí a bheartaíonn sé a dhéanamh. Mar sin, tá raon feidhme ceadaithe LAB teoranta ar dtús do:

- leibhéal agus cineál na ndámhachtainí, lena n-áirítear cúrsaí micridhintiúr, a bheartaíonn sé a dhéanamh ag céim an cheadaithe.
- ábhar/réimse ábhair dámhachtainí a bheartaíonn sé a dhéanamh ag céim an cheadaithe.
- an cineál LAB - soláthraí, neamhsholáthraí nó cumaisc, agus soláthraithe comhlachaithe ceadaithe.
- Ní mór do QQI aon dámhachtainí breise a mholtar le cuimsiú laistigh den Chreat tar éis a bhunú tosaigh a cheadú i gcónaí de réir an bheartais agus na gcritéar ábhartha. Mar sin féin, ní bheidh gá le breithniú níos leithne a dhéanamh ar nósanna imeachta DC le haghaidh dámhachtainí nua atá laistigh de raon feidhme an liostaithe.

9 Tá an LAB freagrach as soláthraithe comhlachaithe a cheadú. Coimeádann QQI an ceart chun a mheasúnú féin ar dhícheall cuí a dhéanamh sula gcláraíonn sé soláthraí comhlachaithe sa Chiste um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí.

## 4.3 RAON FEIDHME AN LIOSTAITHE A LEATHNÚ/A MHODHNÚ

Tar éis LAB a bheith bunaithe agus a dhámhachtainí tosaigh a bheith cuimsithe laistigh den Chreat, féadfaidh sé iarracht a dhéanamh raon feidhme ceadaithe an liostaithe a leathnú trí iarratas a dhéanamh chun dámhachtainí breise a bheith cuimsithe laistigh den Chreat. Beidh gá le próiseas meastóireachta trína mbreathnaítear ar oiriúnacht an LAB chun na dámhachtainí molta a dhéanamh, chomh maith le hoiriúnacht chuimsiú na ndámhachtainí seo laistigh den Chreat. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar an LAB a nósanna imeachta DC a mhodhnú chun sástacht QQI chun an raon feidhme ceadaithe an liostaithe a leathnú.

Féadfaidh ceadú cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat amháin an raon feidhme a leathnú go pointe teoranta (m.sh., laistigh de nósanna imeachta reatha DC an tsoláthraí).

## 4.4 LABanna AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (DC)

Caithfear, sna nósanna imeachta DC arna gcur i dtoll a chéile ag an LAB (Alt 55F(2) den Acht), díriú ar na dámhachtainí agus na haicmí dámhachtainí a bhfuil an LAB ceadaithe ina leith. Caithfear díriú sna nósanna imeachta freisin ar sheirbhísí comhlachaithe, mar shampla, DC na nósanna imeachta um cheadú agus measúnú clár, agus a nósanna imeachta chun dámhachtainí a dhéanamh.

Ba chóir d'fhorais cháiliúcháin breathnú ar shraith threoirlínte reachtúla DC QQI, agus aird a thabhairt ar na treoirlínte a bhaineann go sonrach leis an earnáil agus an topaic ar leith a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Ní theastaíonn ceadú QQI do nósanna imeachta DC a cuireadh i dtoll a chéile faoi Alt 28 den Acht ach amháin i gcás LABanna soláthraithe agus cumaisc agus lorgófar an ceadú seo mar chuid den iarratas le bunú mar LAB.

I gcás forais cháiliúcháin nach soláthraithe iad, áfach, ní mór do QQI a bheith sásta le raon feidhme agus le héifeachtúlacht na nósanna imeachta DC a cuireadh i dtoll a chéile faoi S55F den Acht chun a bheith sásta le cumas an fhorais cháiliúcháin chun dámhachtainí a dhéanamh a chosnaíonn sláine agus dea-chlú an CNC. Mar sin, cuirfear na nósanna imeachta DC ábhartha faoi bhráid QQI mar chuid den iarratas le bheith bunaithe mar LAB ach ní bheidh siad faoi réir cheadú foirmiúil reachtúil QQI.

## 4.5 ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ (ATP)

Ni mór do LABanna soláthraí agus LABanna cumaisc nósanna imeachta ATP a ullmhú faoi Alt 56 den Acht, agus beidh siad seo faoi réir cheadú QQI.

## 4.6 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (DC) & SOLÁTHRAITHE COMHLACHAITHE

Ní mór do LABanna neamhsholáthraí agus cumaisc leagan amach a thabhairt ina gcuid nósanna imeachta DC arna gcur i dtoll a chéile faoi S55F ar a bpróiseas chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta DC agus ATP i bhfeidhm ag soláthraithe comhlachaithe.

Ní mór cur síos a bheith déanta, leis, i nósanna imeachta DC an LAB ar an bpróiseas chun soláthraithe comhlachaithe agus a gcláir a cheadú, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú, agus nós

imeachta atá leagtha amach go soiléir maidir le deireadh a chur leis an gcaidreamh le soláthraí comhlachaithe, nuair is gá. Ní mór don phróiseas chun soláthraithe comhlachaithe a cheadú tagairt a dhéanamh do na ceanglais díchill chuí atá leagtha amach ag QQI[10].

Teastaíonn ceadú foirmiúil na soláthraithe comhlachaithe de réir bheartas agus chritéir QQI fiú nuair a bhíonn caidreamh fadtéarmach ag an LAB le soláthraí dá leithéid. I gcás ina bhfuil Soláthraí Comhlachaithe ina sholáthraí ábhartha de chuid QQI freisin, féadfaidh LAB é seo a ghlacadh mar fhianaise ar oiriúnacht soláthraí comhlachaithe ach amháin sa chás go bhfuil nósanna imeachta DC atá ceadaithe ag QQI comhsheasmhach leis an soláthar gaolmhar atá beartaithe, is é sin i dtéarmaí leibhéil, dámhachtana. cineál, réimse ábhair. Mar shampla, má tá soláthraí comhlachaithe ag iarraidh clár a sheachadadh as a leanfaidh mórdhámhachtain ag Leibhéal 8 ach nach bhfuil sé ceadaithe ag QQI ach chun miondámhachtainí ag Leibhéal 6 a sheachadadh; ní bheadh sé seo laistigh de raon feidhme nósanna imeachta DC atá ceadaithe ag QQI agus bheadh an LAB freagrach go hiomlán as DC an tsoláthraí chomhlachaithe agus as a sholáthar.

## 4.7 FOGHLAIM SHOLÚBTHA, SCAIPTHE AGUS AR LÍNE

Féadfaidh LABanna agus a soláthraithe comhlachaithe socruithe a dhéanamh lena mbaineann foghlaim sholúbtha, dháilte, chumaisc nó ar líne ach ní mór do shocruithe dá leithéid féachaint do threoirlínte ábhartha QQI[11]. Ní mór é seo a bheith leagtha amach go soiléir sna nósanna imeachta DC a cuireadh isteach mar chuid den iarratas le bunú mar LAB, agus sna nósanna imeachta a dhéileálann le ceadú agus athbhreithniú na soláthraithe comhlachaithe. Ba chóir do sholáthróirí comhlachaithe breac-chuntas soiléir a thabhairt ar na socruithe don fhoghlaim sin ina nósanna imeachta DC féin.

## 4.8 TRASNÁISIÚNTA

Faoi Alt 60(1)(b) den Acht tá LABanna eisiata ón gcód cleachtais d'fhoghlaimeoirí lasmuigh den Stát atá cláraithe ar chláir as a leanann dámhachtainí ar dámhachtainí iad atá cuimsithe laistigh den Chreat. Mar sin, tá na LABanna teoranta do dhámhachtainí CNC a dhéanamh laistigh den Stát. Is féidir leis an bhforas cáiliúcháin, ar ndóigh, dámhachtainí a dhéanamh lasmuigh d'Éirinn ar aon dul le cumhachtaí dámhachtana i ndlínsí eile, ach ní fhéadfaidh sé teastas a sholáthar a thaispeánfaidh gnóthú dámhachtana ar CNC na hÉireann. Mar sin, ní fhéadfaidh LAB lógónna CNC ná leibhéil CNC a úsáid ar theastais a eisítear d'fhoghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn.

Sa chás go bhfuil aon chomhpháirt ar an láthair ag clár, lena n-áirítear measúnú, a éilíonn freastal go pearsanta in Éirinn, is féidir dámhachtain CNC a bhronnadh ar aon fhoghlaimeoir. I gcás an tsoláthair ar líne amháin, ní féidir dámhachtainí CNC a bhronnadh ach ar fhoghlaimeoirí atá lonnaithe sa Stát.

10 Níl an t-eolas seo foilsithe go fóill ach beidh sé ar fáil nuair a osclófar scéim na LABanna.
11 statutory-qa-guidelines-for-providers-of-blended-and-online-programmes-2023.pdf (qqi.ie)

# 5. BUNÚ MAR LAB A ULLMHÚ AGUS A IARRAIDH

Leagtar amach sa chuid seo na céimeanna a theastaíonn chun iarratas a dhéanamh chun bheith ina LAB, ag tagairt do dhámhachtainí molta. Déanfar na dámhachtainí sonracha a mheas le bheith cuimsithe laistigh den Chreat tar éis bunú foirmiúil mar LAB, cé go ndéanfar na cinntí mar chuid den phróiseas céanna, i ndáiríre.

## 5.1 SULA GCUIRTEAR IARRATAS ISTEACH

Ní mór d'fhoras cáiliúcháin ionchasach a chinntiú go bhfuil na híoscheanglais atá leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad seo comhlíonta sula ndéanann sé iarratas ar cheadú mar LAB.  Ní mór d'iarratas le bheith bunaithe mar LAB ceanglais uile bheartas agus chritéir QQI a chomhlíonadh, cé go bhfuil sé cuí do LAB ionchasach aon chritéar sonrach nach mbaineann leo a shonrú.

Ní thabharfaidh iarratas ó sholáthraí chuig QQI le tuiscint gur comhlíonadh aon cheann de na ceanglais.

## 5.2 FÉINMHEASTÓIREACHT AG AN BHFORAS CÁILIÚCHÁIN

Sula ndéanann sé iarratas ar bhunú mar LAB, maidir le dámhachtainí molta, tá sé de cheangal ar fhoras cáiliúcháin meastóireacht chriticiúil agus macánta a dhéanamh, agus tuarascáil a ullmhú ina leith, de réir chritéir QQI maidir le

i. hoibriú agus bainistíocht iomlán an fhorais cháiliúcháin agus
ii. na dámhachtainí atá beartaithe a chuimsiú laistigh den Chreat.

Forbraíodh doiciméad beartais agus critéir ar leith chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat, ar cheart don fhoras cáiliúcháin é a athbhreithniú agus tagairt a dhéanamh dó mar chuid dá iarratas le bheith bunaithe mar LAB agus dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat.

Ní mór go léireodh an mheastóireacht cé acu an gcomhlíonann (i) agus (ii) (thuas) na critéir infheidhme agus anailís agus tráchtaireacht ina luaitear fianaise a chuimsiú agus a lua sna doiciméid tacaíochta. Ba cheart go gcuirfí síos sa mheastóireacht ar na modhanna agus na modheolaíochtaí a úsáideann an foras cáiliúcháin don mheastóireacht agus go mbeadh anailís chriticiúil agus tráchtaireacht ar a n-éifeachtacht san áireamh.

Ní ghlacfar le dearbhuithe gan tacaíocht go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh.

## 5.3 DOICIMÉID TACAÍOCHTA

Ní mór dóthain faisnéise a bheith sna doiciméid chun díriú ar chritéir QQI. Caithfear díriú ar (i) oibriú agus bainistíocht iomlán an fhorais cháiliúcháin agus (ii) na dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat.

Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta DC an tsoláthraí arna mbunú faoi Alt 55F den Acht agus atá curtha in iúl ag na treoirlínte arna n-eisiúint ag QQI faoi Alt 271A den Acht san áireamh

sna doiciméid tacaíochta. Bunaítear nósanna imeachta DC na LABanna Soláthraí agus Cumaisc freisin faoi Alt 28 den Acht, agus tá siad seo faoi réir ceadú QQI. Féadfaidh LAB Cumaisc sraith amháin nósanna imeachta DC a chur i dtoll a chéile chun ceanglais S55F agus S28 araon a chomhlíonadh.

I gcás forais cháiliúcháin neamhsholáthraí agus cumaisc, ba cheart go n-áireofaí sna doiciméid tacaíochta na nósanna imeachta chun soláthraithe comhlachaithe a cheadú, chun faireachán a dhéanamh orthu, agus chun iad a athbhreithniú agus chun scor dóibh, ag tagairt d'aon treoir ó QQI a eisítear.

## 5.4 AN T-IARRATAS A CHUR LE CHÉILE AGUS A DHÉANAMH

Ní mór na nithe seo a leanas a chuimsiú i ngach iarratas ar bhunú mar LAB:

A. Deimhniú gur comhlíonadh na híoscheanglais;
B. Tuairisc fhéinmheastóireachta an fhorais cháiliúcháin i gcomórtas leis an mbeartas agus na critéir (5.2);
C. Na doiciméid tacaíochta (5.3);

Ní mór do na doiciméid, lena n-áirítear tuarascáil mheastóireachta an fhorais cháiliúcháin, díriú ar na critéir. Féadfaidh QQI diúltú d'iarratas chun an LAB a bhunú ar na forais nach ndírítear san iarratas ar na critéir ina n-iomláine. Is ar an iarratasóir atá an dualgas cás iomlán a chur i láthair. Forbróidh QQI treoir agus teimpléid chun tacú le LABanna ionchasacha an t-iarratas a thiomsú.

Ní mór don iarratas ar bhunú mar LAB agus ar dhámhachtainí a dhéanamh atá cuimsithe laistigh den Chreat a bheith sínithe ag príomhfheidhmeannach an tsoláthraí (nó a chomhionann) trína ndeimhnítear go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh fíor agus gur díríodh ar na critéir infheidhme go léir.

## 5.5 DÍCHEALL CUÍ

Mar chuid den iarratas ar bhunú mar LAB, beidh ar iarratasóirí fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh na rialachán um dhícheall cuí arna mbunú faoi Alt 29B den Acht.[12] Ní mór iarratas a dhéanamh ar aon díolúintí ón gceanglas seo nuair a bhítear ag deimhniú go bhfuil na híoscheanglais atá sonraithe in 3.1 bainte amach.

Ceanglófar ar LABanna nach soláthraithe iad a dhearbhú freisin go bhfuil na rialacháin díchill chuí seo á gcomhlíonadh ag a soláthraithe comhlachaithe. Coimeádann QQI an ceart chun a mheasúnú díchill chuí féin a dhéanamh ar sholáthraithe comhlachaithe sula gceadaítear íocaíochtaí leis an gCiste um Chosaint Foghlaimeoirí. D'fhéadfadh roinnt soláthraithe comhlachaithe ar soláthraithe ábhartha iad freisin a bheith díolmhaithe ó PEL.

## 5.6 IARRATAS AR BHUNÚ MAR LAB A THARRAINGT SIAR

Féadfar iarratais ar bhunú mar LAB a tharraingt siar roimh thús na céime meastóireachta neamhspleáiche. Tar éis don chéim mheastóireachta neamhspleách tosú, de ghnáth rachaidh

12 Déantar foráil do roinnt díolúintí ón gceanglas seo in Alt 29A(1) den Acht agus sonraítear iad in Alt 65(6)..

QQI ar aghaidh chuig cinneadh agus foilseoidh sé an tuarascáil mheastóireachta cheadaithe. Tá sé seo ag teacht lenár ngealltanais mar chuid de na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa.[13]

Sonrófar incháilitheacht le haghaidh aisíocaíochtaí i mbeartas Táillí agus Muirear ar leithligh.

## 5.7 RÚNDACHT AGUS AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Cuirfear na doiciméid (lena n-áirítear an doiciméad atá clúdaithe ag aonad (5.4)) a bhaineann le hiarratas ar bhunú mar LAB ar fáil go rúnda d'fhoireann QQI agus do dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil baint acu lena meastóireacht. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil QQI faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise agus go bhfuil taifid QQI faoi réir iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 5.8 SCAGADH Ó QQI

Déanfaidh QQI na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas a scagadh agus má tá sé sásta go ndírítear ann ar na critéir déanfaidh sé socruithe do mheasúnú an iarratais.  Mura bhfuil QQI sásta go ndírítear sa doiciméadú ar na critéir cuirfidh sé é sin in iúl don fhoras cáiliúcháin a fhéadfaidh rogha a dhéanamh aighneacht athbhreithnithe a dhéanamh. Ní ráthaíocht ar bith é pas a fháil sa tseiceáil scagtha seo go bhfaighfear amach sna doiciméid gur díríodh ar na critéir nuair a dhéanfar an mheastóireacht neamhspleách orthu.

## 5.9 DÍOLÚINTÍ

### 5.9.1 LABanna IDIRNÁISIÚNTA

Ceadaítear le halt 55E(9) dul i gcomhairle le comhlachtaí poiblí lasmuigh den Stát maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeartas agus na gcritéar faoi S55E(1). Mar sin, féadfaidh QQI glacadh le formhuiniú agus dearbhú ó údaráis rialála inchomparáide i ndlínsí eile in ionad nó mar chuid den phróiseas iarratais atá leagtha amach i 5.4. Ní mór formhuiniú den sórt sin ó údarás poiblí ábhartha lena chinntiú do QQI go bhfuil an LAB ionchasach faoi réir dianmhaoirseachta mar atá leagtha amach sa bheartas agus sna critéir seo. Déileálfar le díolúintí ón bpróiseas iomlán ar bhonn cáis.

### 5.9.2 LABanna INTÍRE

I gcás ina bhfuil dearcadh eolasach ag údarás poiblí, laistigh nó lasmuigh den Stát, faoin bhforas cáiliúcháin is iarratasóir, breithneofar é sin in ionad nó mar chuid den mheastóireacht a dhéanfar faoi 5.4.  Déileálfar le díolúintí ón bpróiseas iomlán ar bhonn cáis.

13 Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta sa Limistéar Eorpach um Ardoideachas (ESG) - EQAR

# 6. IARRATAS AR BHUNÚ MAR LAB A MHEAS AGUS A CHINNEADH

## 6.1 MEASTÓIREACHT NEAMHSPLEÁCH

- Déanfar measúnú neamhspleách ar gach iarratas ar cheadú mar LAB i gcomórtas leis na critéir atá leagtha amach i gCuid 3, cé go bhféadfadh QQI comhalta feidhmiúcháin a cheapadh. Tá an cur chuige seo leagtha amach thíos.
- Ar a laghad, breithneoidh painéal athbhreithnithe neamhspleách gach iarratas. Cinnfear má léiríonn an t-iarratas comhlíonadh na gcritéar atá leagtha amach i gCuid 3.
- De réir mar a mheasann QQI a bheith riachtanach agus trí shocrú le QQI, féadfaidh meastóirí cuairteanna suímh (fíorúla nó fisiceacha) a dhéanamh mar chuid den mheastóireacht. Féadfaidh siad agallamh a chur ar cheannaireacht an fhorais cháiliúcháin, ar phearsanra an chláir agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile.
- Ní mór don tuarascáil mheastóireachta, a fhéadfaidh meastóir neamhspleách nó an Feidhmeannas a dhréachtú, díriú ar cibé an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir le bunú mar LAB go ginearálta agus go mion. Ní mór ceann de na moltaí foriomlána seo a leanas a chuimsiú, agus na beartais agus na critéir is infheidhme á gcur san áireamh:
    - **Sásúil** - rud a chiallaíonn go molann sé gur féidir le QQI a bheith sásta go bhfuil an t-iarratasóir oiriúnach le cuimsiú ar Liosta na bhForas Cáiliúcháin.
    - **Sásúil faoi réir coinníollacha molta** - sonraithe le scála ama chun gach coinníoll a chomhlíonadh; d'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo coinníollacha molta nach mór a shásamh sula bhféadfar foras a bhunú mar LAB i.e., breac-chuntas a thabhairt ar na mionathruithe is gá sula ndéanann QQI cinneadh deiridh.
    - **Gan a bheith sásúil.**

Go hiondúil, measfar iarratas nach gcomhlíonann na critéir in aon cheann dá ghnéithe mar gan a bheith sásúil. Mar sin féin, chun a chinntiú nach gcuirfear an próiseas i bhfeidhm go míréasúnta, má chinneann meastóireacht neamhspleách go gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir beagnach, ach go bhfuil roinnt mionathruithe de dhíth, d'fhéadfaí na focail "Sásúil faoi réir coinníollacha speisialta molta" a chur ag deireadh na meastóireachta neamhspleáiche i gcás ina bhforordaítear sna coinníollacha speisialta na hathruithe nach mór a dhéanamh.

Ina theannta sin, i gcásanna eisceachtúla féadfar na 'coinníollacha speisialta' a úsáid chun codanna den iarratas a mheastar a bheith sásúil a shainaithint ar bhonn neamhspleách. Ceanglaítear ar gach tuarascáil mheastóireachta neamhspleách réasúnaíocht a thabhairt don soláthraí maidir le haon choinníollacha agus moltaí speisialta a mholtar mar aon leis an gconclúid iomlán.

I gcás moladh neamhshásúil, féadfaidh LAB iarratas nua a chur isteach ar bhunú mar LAB tar éis 6 mhí.

## 6.2 AN PRÓISEAS CINNTEOIREACHTA

Is é QQI atá freagrach as an gcinneadh foras cáiliúcháin a bhunú mar LAB agus/nó dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Déanann painéil athbhreithnithe neamhspleácha moltaí do QQI, ach is é QQI a dhéanann an cinneadh deiridh.

- Sula gcuirtear isteach iarratas ar bhunú mar LAB, cinnteoidh Feidhmeannacht QQI ar dtús go bhfuil na híoscheanglais atá leagtha amach in 3.1 comhlíonta ag an iarratasóir ionchasach. Mura bhfuil an Fheidhmeannacht in ann a chinneadh cibé ar comhlíonadh na híoschritéir, ceapfar meastóir neamhspleách chun a dheimhniú go bhfuil na híoscheanglais sin comhlíonta.
    - Má theipeann orthu na híoscheanglais a chomhlíonadh cuirfear cosc ar LAB ionchasach iarratas iomlán a chur isteach ar bhunú mar LAB agus dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat.
- Iarratasóirí ar éirigh leo sa mheasúnú ar na híoscheanglais, leanfaidh siad ar aghaidh chuig iarratas iomlán a chur isteach. Déanfaidh foireann athbhreithnithe measúnú mionsonraithe i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i gCuid 3 den doiciméad seo, agus i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach sna rialacháin a bunaíodh faoi Alt 29B. Tabharfar faoi mheasúnú ar oiriúnacht na nósanna imeachta DC agus ATP ag an am seo freisin.
    - Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh diúltach ag an gcéim seo den phróiseas. Ní bheidh iarratasóirí in ann dul ar aghaidh chuig an measúnú ar a dhámhachtainí a bheith inchurtha le cuimsiú laistigh den Chreat ach amháin má cheadaítear an t-achomharc. Ceadófar iarratas nua a chur isteach tar éis 6 mhí.
- Iarratasóirí a meastar (i) go gcomhlíonann siad na critéir i gCuid 3 den doiciméad seo, agus (ii) a chomhlíonann na rialacháin maidir le dícheall cuí, meastar gur comhlacht oiriúnach inniúil iad le bunú mar LAB. Nuair is ábhartha, beidh ceadú QQI ar nósanna imeachta ATP agus DC faighte ag iarratasóirí freisin.
- Féadfaidh iarratasóirí a chomhlíonann na ceanglais thuas go léir dul ar aghaidh chuig mionmheasúnú ar a ndámhachtainí beartaithe ag tagairt don *Bheartas agus na Critéir chun Dámhachtainí a Chuimsiú laistigh den Chreat.*
- Áireofar LABanna agus na dámhachtainí ceadaithe ar an IRQ[14].

## 6.3 MEASTÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Beidh meastóirí oibiachtúil agus neamhspleách ar an bhforas cáiliúcháin, agus ar na soláthraithe comhlachaithe, agus an t-iarratas á dhéanamh m.sh. saor ó leasanna coinbhleachta, agus comhlíonfaidh siad na *Róil, Freagrachtaí agus Cód Iompair d'Athbhreithneoirí agus Meastóirí.*[15] Ní mór aon leasanna gaolmhara a dhearbhú sa tuarascáil mheastóireachta neamhspleách agus foilseofar í.

Ní mór do mheastóirí neamhspleácha a bheith inniúil ar mholadh a dhéanamh ar cheart an foras a bhunú mar LAB. Ciallaíonn inniúlacht a bheith in ann breithiúnais a dhéanamh agus a chosaint i gcomparáid le critéir infheidhme QQI. Go sonrach, roghnófar meastóir nó grúpa meastóireachta ar an mbonn go bhfuil an inniúlacht aige/acu údar maith a thabhairt lena mholadh, is cuma cad é.

14 www.irq.ie
15 https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-12/qqi-roles-responsibilities-and-code-of-conduct_0.pdf

Chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar iarrataí ar bhunú mar LAB áireofar ar na grúpaí meastóirí ball/baill as measc na mac léinn agus beidh siad comhdhéanta de réir chaighdeán ESG 2.4. Beidh meastóirí neamhspleácha a bhfuil saineolas acu ar cháilíochtaí agus/nó creata cáilíochtaí ina mbaill dhílse den fhoireann freisin. Go hiondúil, beidh saineolas ag grúpaí meastóireachta sna nithe seo a leanas:

A. oibriú agus bainistiú foras a bhfuil údarás dámhachtana acu atá inchomparáide leis an údarás dámhachtana a iarrtar;
B. príomhréimsí disciplín na ndámhachtainí ábhartha atá beartaithe agus
C. réimsí cineálacha lena n-áirítear oideolaíocht, measúnú, DC, cáilíochtaí agus na réimsí eile go léir a shonraítear i gcritéir QQI.

Feidhmeoidh QQI a bhreithiúnas maidir leis an líon meastóirí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil maidir leis an iarratas atá i gceist agus na hinniúlachtaí is gá ag féachaint don fhoras cáiliúcháin agus na ndámhachtainí ar leith agus nádúr na ndámhachtainí ábhartha molta. Cuirfear oiliúint ar fáil do mheastóirí neamhspleácha nuair a mheasann QQI go bhfuil gá leis.

Níor cheart do mheastóir a bhraitheann nach bhfuil an inniúlacht acu iarratas a mheas glacadh le cuireadh chun é sin a dhéanamh nó má tharlaíonn sé seo, nó coinbhleacht leasa, tar éis glacadh leis, ba cheart dó é sin a chur in iúl do QQI gan mhoill.

## 6.4 FORMHUINIÚ Ó RIALTÓIR ÁBHARTHA

I gcás LABanna idirnáisiúnta atá faoi réir scéimeanna rialála inchomparáide i ndlínsí eile, féadfar formhuiniú ó rialtóir ábhartha a úsáid mar fhianaise, faoi lánrogha QQI, do chuid den iarratas ar a bheith bunaithe mar LAB. Beidh ar iarratasóirí cumarsáid a dhéanamh le QQI maidir lena leithéid de chur chuige.

Meastar rialtóir ábhartha a bheith ina rialtóir sa dlínse sin a bhfuil freagracht air as ceadú, athbhreithniú agus/nó monatóireacht ar cháilíochtaí agus/nó forais cháiliúcháin.

a) **Formhuiniú Leibhéal 1- Cuireann an t-iarratasóir iarratas iomlán isteach.**
Deimhníonn an Rialtóir go bhfuil an LAB is iarratasóir rialaithe agus dea-cháil orthu ach go bhfuil difríocht shuntasach idir an scéim rialála nó nach bhfuil dóthain faisnéise ar fáil.

b) **Formhuiniú Leibhéal 2 - Cuireann an t-iarratasóir iarratas páirteach isteach a chlúdaíonn aon chritéir atá fós le réiteach.**
Deimhníonn an Rialtóir go bhfuil an LAB is iarratasóir rialaithe agus dea-cháil air agus deimhníonn sé go bhfuil comhpháirteanna substaintiúla den scéim rialála inchomparáide- cuireann an t-iarratasóir iarratas isteach chun na critéir atá gan réiteach a chlúdach.

c) **Formhuiniú Leibhéal 3 - Cuireann an t-iarratasóir iarratas íosta isteach.**
Deimhníonn an Rialtóir go bhfuil an LAB is iarratasóir rialaithe agus dea-cháil agus go bhfuil MT [nó comhaontú eile níos ábhartha] i bhfeidhm le QQI - cuireann an t-iarratasóir iarratas gairid isteach ina bhfuil na sonraí ábhartha riachtanacha.

# 7. DEARBHÚ AN TORAIDH

## 7.1 DEIMHNIÚ STÁDAS LAB

Cuirtear in iúl don soláthraí trí dheimhniú stádais LAB a eisiúint bunú mar LAB agus údarás chun dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat a dhéanamh. Áireofar sa deimhniú sonraí maidir le raon feidhme agus teorainneacha an cheadaithe amhail (ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas):

A. Ainm an fhorais cháiliúcháin

B. Soláthraithe comhlachaithe ceadaithe

C. Dámhachtainí soláthraithe comhlachaithe ceadaithe

D. Na coinníollacha maidir le bunú mar LAB agus cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat

E. Coinníollacha speisialta maidir le bunú mar LAB agus cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat.

F. Dáta an athbhreithnithe

G. Socruithe comhoibríocha ar leith lena n-athbhreithniú le forais idirnáisiúnta rialála

## 7.2 FOILSIÚ TUARASCÁIL NA MEASTÓIREACHTA NEAMHSPLEÁICHE

Is táirge substaintiúil den phróiseas é an tuarascáil mheastóireachta cheadaithe mar aon leis an gcinneadh ar an iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat, mar aon leis an deimhniú cuimsitheachta. Foilseofar é tar éis dheireadh na tréimhse achomhairc ach amháin má dhéantar achomharc i gcoinne an chinnidh diúltú don iarratas ar na dámhachtainí nó cuid díobh a chuimsiú, agus sa chás sin foilseofar an tuarascáil mura n-éiríonn leis an achomharc. Foilseofar tuarascálacha ar an IRQ agus/nó ar láithreán gréasáin QQI.

I gcásanna áirithe, féadfar tuarascáil féinmheastóireachta an fhorais cháiliúcháin a fhoilsiú faoi réir cead a thabhairt don fhoras cáiliúcháin go háirithe má léiríonn sé cleachtas den scoth.

## 7.3 FAISNÉIS THUAIRISCIÚIL AGUS RIARACHÁIN FAOIN LAB A FHOILSIÚ

Foilseofar faisnéis riaracháin áirithe freisin lena n-áirítear faisnéis faoi chinneadh an iarratais ar bhunú mar LAB, na dámhachtainí agus na haicmí dámhachtainí i gceist, an deimhniú ar stádas LAB agus na socruithe infheidhmithe maidir le cosaint foghlaimeoirí cláraithe (PEL)

## 7.4 DÁMHACHTAINÍ A DHÉANAMH

Ní mór do LAB iarratas a dhéanamh chuig QQI chun a dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat sula mbronnann sé dámhachtain dá leithéid. Tá cumhacht LAB chun dámhachtainí CNC a dhéanamh teoranta do na dámhachtainí sin atá ceadaithe ag QQI lena gcuimsiú laistigh den Chreat.

Féadfaidh LAB leanúint de dhámhachtainí neamh-CNC a dhéanamh ach ní féidir leis nasc leis an CNC nó ceadú QQI do nósanna imeachta DC i gcás na ndámhachtainí sin a thabhairt le tuiscint.

### 7.5 CLÁR CÁILÍOCHTAÍ NA hÉIREANN

Foilseofar forais cháiliúcháin liostaithe, agus a ndámhachtainí CNC, ar Chlár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ).

## 8. DUALGAIS, COINNÍOLLACHA AGUS OIBLEAGÁIDÍ

Tá ailt 55F agus 55G thar a bheith ábhartha sa chomhthéacs seo agus cuirfidh QQI i bhfeidhm iad.

### 8.1 DUALGAIS LABanna MAR ATÁ LEAGTHA AMACH IN ALT 55

**Dualgais na bhforas cáiliúcháin liostaithe**

**55F. (1)** San alt seo, ciallaíonn 'soláthraí comhlachaithe' soláthraí, a bhfuil áit ghnó aige sa Stát, a dhéanann socrú le LAB faoina soláthraíonn an soláthraí clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn na réamhriachtanais go léir le haghaidh dámhachtana an LAB atá cuimsithe laistigh den Chreat.

**(2)** Bunóidh LAB nósanna imeachta DC dá dhámhachtainí agus do DC seachtrach na soláthraithe ar soláthraithe comhlachaithe dá chuid iad.

**(3)** Féadfaidh an tÚdarás ordachán amháin, nó níos mó ná ceann amháin, a thabhairt do LAB lena gceanglaítear ar an bhforas oibleagáidí a fhorchur ar sholáthraí, ar soláthraí comhlachaithe é maidir leis an LAB, lena mbaineann fo-alt (4)(c), agus comhlíonfaidh an soláthraí na hoibleagáidí forchurtha sin dá réir.

**(4)** Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hoibleagáidí (a shonrófar san ordachán lena mbaineann faoi fho-alt **(3))—**

**(a)** ar gá nó ar caoithiúil, i dtuairim an Údaráis, iad a fhorchur, agus

**(b)** a mbeidh feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí an tsoláthraí mar sholáthraí comhlachaithe i ndáil leis an bhforas cáiliúcháin.

**(5)** Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (4), folaíonn na hoibleagáidí lena mbaineann an fo-alt sin oibleagáidí maidir le glacadh—

**(a)** nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú foghlaimeoirí,

**(b)** nósanna imeachta DC, agus

**(c)** nósanna imeachta, atá cothrom agus comhsheasmhach, chun foghlaimeoirí rollaithe a mheasúnú chun a áirithiú go mbeidh na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta arna gcinneadh ag an bhforas cáiliúcháin i dtrácht (sula ndéanann an foras sin dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat) faighte agus, nuair is cuí, léirithe ag foghlaimeoirí cláraithe.

**(6)** Chun críocha chomhlíonadh na hoibleagáide dá dtagraítear i mír (a) d'fho-alt (5) ag an soláthraí comhlachaithe chun na nósanna imeachta dá dtagraítear sa pharagraf sin a úsáid, féachfaidh an soláthraí comhlachaithe do na beartais agus na critéir arna mbunú ag an Údarás faoi fho-alt (1) d'alt 56 más rud é nach mbeadh feidhm ag an bhfo-alt sin murach sin.

**(7)** Seo mar a dhéanfaidh LAB—

**(a)** comhoibreoidh sé leis an Údarás i gcomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis a mhéid a bhaineann na feidhmeanna sin le dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat,

**(b)** déanfaidh an soláthraí comhlachaithe, a bhfuil oibleagáidí forchurtha aige de bhun ordacháin faoi fho-alt (3), monatóireacht ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin,

**(c)** athbhreithneofar ó am go ham, agus uair amháin ar a laghad gach 5 bliana, nó tráth ar bith arna iarraidh sin don Údarás, comhlíonadh na n-oibleagáidí sin reámhluaite sin ag soláthraí comhlachaithe den sórt sin,

**(d)** más rud é gur theip ar sholáthraí comhlachaithe den sórt sin aon cheann de na hoibleagáidí sin roimhe seo a chomhlíonadh go hábhartha, scor (tar éis deis réasúnach a thabhairt don soláthraí uiríll a dhéanamh i scríbhinn nach bhfuil na forais le scor den sórt sin ann sa chás i dtrácht) d'aon chomhshocraíocht atá ann idir é agus an soláthraí comhlachaithe faoina soláthraíonn an soláthraí clár dá dtagraítear i bhfo-alt (1),

**(e)** cibé faisnéis a bheidh ag teastáil ón Údarás ó am go ham a sholáthar don Údarás chun críocha chomhlíonadh a fheidhmeanna i ndáil le dámhachtainí a áirítear sa Chreat, agus

**(f)** comhlíonfaidh sé aon choinníoll a fhorchuirfidh an tÚdarás, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don fhoras, ar an bhforas cáiliúcháin i dtrácht, ar coinníoll é a measann an tÚdarás gur gá nó gur caoithiúil é a fhorchur chun sláine agus seasamh an Chreata a choimeád.

**(8)** Gan dochar do ghinearáltacht mhír (e) d'fho-alt (7), folaíonn an fhaisnéis a fhéadfaidh an tÚdarás a cheangal a sholáthar faoin mír sin—

**(a)** sonraí soláthraithe ar soláthraithe comhlachaithe iad, i ndáil leis an LAB lena mbaineann,

**(b)** sonraí na gclár oideachais agus oiliúna a bhailíochtaíonn an tÚdarás nó a áirítear ar shlí eile sa Chreat as a dtagann dámhachtainí ón LAB i dtrácht atá cuimsithe laistigh den Chreat,

**(c)** aon tuarascáil arna hullmhú ag an LAB lena mbaineann de bhun athbhreithniú a rinne sé maidir le cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar as a leanfaidh dámhachtainí de chuid an fhorais atá cuimsithe laistigh den Chreat, agus

**(d)** líon na ndámhachtainí arna ndéanamh ag an LAB lena mbaineann atá cuimsithe laistigh den Chreat.

**(9)** Aon fhoras cáiliúcháin nach LAB é, ach a mhaíonn nó a léiríonn gur foras cáiliúcháin den sórt sin é, tá cion déanta aige.

## 8.2 COINNÍOLLACHA

Mar atá leagtha amach, féadfaidh QQI coinníollacha a fhorchur ar fhorais cháiliúcháin liostaithe a mheasann sé a bheith riachtanach agus fóirsteanach chun sláine agus seasamh an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a chothabháil.

Coimeádann QQI an ceart chun coinníollacha nua agus breise a fhorchur ar aon fhoras cáiliúcháin liostaithe bunaithe nó ar gach LAB bunaithe, le comhaontú na LABanna ábhartha. Seo a leanas na coinníollacha ginearálta atá sonraithe ag QQI faoi láthair.

### 8.2.1 COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA

A. Ceanglaítear ar gach LAB comhoibriú le forais cháiliúcháin eile sa Stát chun:

  ii. forbairt cosáin foghlaimeoirí a chur chun cinn;

  iii. cur in iúl dámhachtainí a chur chun cinn chun críocha rochtana, aistrithe agus forchéimnithe;

  iv. tacú le inchruachadh na gcúrsaí micri-dhintiúr agus cáilíochtaí eile agus iad a chur chun cinn;

  v. agus aon tionscadal agus cur chuige eile dá leithéid a fhéachann le deiseanna d'fhoghlaimeoirí a chur chun cinn agus le haitheantas a thabhairt d'fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

B. Déantar bunú tosaigh le tagairt do na dámhachtainí tosaigh atá beartaithe. Mar sin, tá raon feidhme an liostaithe teoranta do na leibhéil, na réimsí ábhair agus na soláthraithe comhlachaithe a mholtar sna dámhachtainí tosaigh. Is féidir dámhachtainí breise a chur isteach lena gcuimsiú laistigh den Chreat laistigh den raon feidhme seo. I gcás dámhachtainí lasmuigh den raon feidhme teastóidh iarratas chun raon feidhme an liostaithe a leathnú.

C. Táthar ag súil, a luaithe a chuimsítear dámhachtain laistigh den Chreat, go leanfar dá cuimsiú agus go nglacfaidh an foras cáiliúcháin céimeanna cuí chun a chinntiú go leanann an dámhachtain de bheith cothrom le dáta agus ábhartha do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na bpáirtithe leasmhara eile.

D. Ní mór d'fhorais cháiliúcháin liostaithe faisnéis shoiléir agus chruinn a sholáthar d'fhoghlaimeoirí faoi na dámhachtainí go léir atá á dtairiscint acu d'fhoghlaimeoirí in Éirinn, beag beann an bhfuil siad cuimsithe sa CNC nó nach bhfuil. Ní mór d'fhoghlaimeoirí a bheith soiléir faoi stádas na cáilíochta dá bhfuil siad ag clárú agus an difríocht idir na dámhachtainí sin as a leanann dámhachtainí CNC, agus na dámhachtainí sin nach amhlaidh.

E. Braitheann cuimsiú leanúnach dámhachtainí ar fhianaise imleor ar riachtanas leanúnach don dámhachtain, oiriúnacht na dámhachtana agus athbhreithniú leanúnach agus nuashonrú ar an dámhachtain a bheith ar fáil ag am an athbhreithnithe.

F. Ní mór an dámhachtain sin a bheith mar thoradh ar gach tairiscint in Éirinn nó do mhic léinn atá lonnaithe in Éirinn ag an LAB agus ag a sholáthraí comhlachaithe cláir as a leanfaidh na torthaí foghlama a bhaineann le dámhachtain atá cuimsithe laistigh den Chreat. Ní féidir ach le soláthraithe ceadaithe comhlachaithe, agus ní aon tríú páirtithe eile, cláir a bhfuil na torthaí foghlama a bhaineann leis an dámhachtain a thairiscint.

G. Níl cead ag LABanna dámhachtainí CNC a bhronnadh ar fhoghlaimeoirí lasmuigh d'Éirinn.

H. Ní mór do na LABanna leanúint de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a nuashonrú maidir le DC a ndámhachtainí agus DC seachtrach na soláthraithe comhlachaithe.

I. Ní mór do LABanna comhoibriú le QQI, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar i dtaobh a fheidhmeanna chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat. Áirítear le faisnéis riachtanach, ach níl sé teoranta dóibh:

  i. Líon na ndámhachtainí a bhronntar gach bliain

  ii. Rátaí rollaithe agus críochnaithe

  iii. Faisnéise faoi rochtain, aistriú agus forchéimniú

  iv. Sonraí faoi iarratais agus cinntí Aitheantas Réamhfhoghlama

J. Ní mór do LABanna faisnéis agus sonraí a sholáthar faoi dhámhachtainí atá sa Chreat san

fhormáid a iarrtar le go bhfoilseofar iad go tráthúil ar an IRQ.

K. Ní mór do LABanna QQI a chur ar an eolas láithreach faoi aon rioscaí, saincheisteanna, faisnéis, nó imní a chuireann isteach/a d'fhéadfadh cur isteach ar shláine an CNC, sláine dhámhachtainí Creata nó dea-cháil LAB, soláthraí comhlachaithe nó dámhachtain Creata.

L. Ní mór nósanna imeachta cuí agus láidre a bheith ag LABanna chun soláthraithe comhlachaithe a cheadú, agus mar chuid de na nósanna imeachta sin, féachaint go cuí dona rialacháin agus na treoirlínte a d'eisigh QQI maidir le dícheall cuí.

M. Ní mór nósanna imeachta láidre a bheith i bhfeidhm ag LABanna chun monatóireacht, athbhreithniú agus scor a dhéanamh i gcás soláthraithe comhlachaithe.

N. Ní mór córais a bheith i bhfeidhm ag LABanna a úsáideann soláthraithe comhlachaithe chun faisnéis foghlaimeoirí a fháil, a stóráil agus a bhainistiú le linn dóibh a bheith cláraithe ar chlár staidéir as a leanfaidh dámhachtain CNC.

O. Ní mór do LABanna a chinntiú nach mór do sholáthraithe comhlachaithe nach bhfuil díolmhaithe ó chosaint foghlaimeoirí cláraithe (PEL) íoc isteach sa chiste mar a éilíonn QQI. I gcás imeacht PEL de chuid soláthraí comhlachaithe, ní mór don LAB oibriú go dlúth le QQI chun socruithe cuí a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear faisnéis foghlaimeora a sholáthar do QQI.

P. Ní mór do na LABanna a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach soláthraí comhlachaithe maidir le: rochtain, aistriú agus forchéimniú; measúnú; agus DC. I gcás gur soláthraí ábhartha de chuid QQI é Soláthraí Comhlachaithe, féadfaidh an LAB glacadh le ceadú QQI do nósanna imeachta ATP agus DC mar fhianaise leordhóthanach air sin, chomh fada agus a bheidh raon feidhme na nósanna imeachta maidir le DC ag teacht leis an bhforáil ghaolmhar atá beartaithe.

Q. Ní mór do LABanna monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ag soláthraithe comhlachaithe.

R. Ní mór do LABanna athbhreithniú a dhéanamh ar na soláthraithe comhlachaithe uair amháin gach 5 bliana chun comhlíonadh leanúnach na n-oibleagáidí a chinntiú. I gcás inar soláthraí ábhartha é soláthraí comhlachaithe[16], féadfaidh LAB úsáid a bhaint as an bhfianaise athbhunú caidrimh, athbhailíochtaithe, faireacháin bhliantúil agus athbhreithniú tréimhsiúil chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú sin.

S. Ní mór do LABanna scor de shocruithe le soláthraithe comhlachaithe chun cláir as a leanfaidh dámhachtainí CNC a sheachadadh nuair nach bhfuil a gcuid oibleagáidí comhlíonta ag soláthraí comhlachaithe.

T. Ni mór socruithe conarthacha cuí a bheith i bhfeidhm ag LABanna le soláthraithe comhlachaithe a léiríonn a bhfreagrachtaí reachtúla agus a ról maidir le scor.

U. Ní mór do LABanna a oibríonn i ndlínsí eile QQI a chur ar an eolas faoi aon chumarsáid shuntasach le rialtóirí eile.

16 Sainmhínítear soláthraí ábhartha san Acht.

## 8.3 OIBLEAGÁIDÍ

I gcás LABanna neamhsholáthraí nó cumaisc, féadfaidh QQI treoir a thabhairt don fhoras cáiliúcháin oibleagáidí a fhorchur ar a sholáthraithe comhlachaithe. Coinníonn QQI an ceart chun treoracha nua agus breise a eisiúint do na LABanna maidir le hoibleagáidí soláthraí comhlachaithe. Seo a leanas na treoracha atá sonraithe ag QQI faoi láthair:

A. Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe nósanna imeachta a fhorbairt maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú agus ní mór dóibh féáchaint d'aon treoirlínte a eisíonn QQI maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú.

B. Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe nósanna imeachta DC a fhorbairt agus ní mór dóibh féachaint d'aon treoirlínte ábhartha arna n-eisiúint ag QQI.

C. Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe nósanna imeachta a fhorbairt chun foghlaimeoirí cláraithe a mheasúnú chun a chinntiú go ngnóthaítear agus, nuair is cuí, go léiríonn foghlaimeoirí cláraithe na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta arna gcinneadh ag an LAB do dhámhachtainí CNC.

D. Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt a bhaineann le hionracas acadúil agus le mí-iompar acadúil; ní mór dó dóthain tacaíochtaí agus oiliúna a chur i bhfeidhm do mhic léinn atá i mbaol mí-iompair acadúil; agus ní mór dó oiliúint a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn maidir le hionracas acadúil.

E. Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe íoc isteach sa Chiste um Chosaint Foghlaimeora de réir mar a éilíonn QQI.

F. Ní mór do sholáthraithe comhlachaithe faisnéis faoi fhoghlaimeoirí cláraithe a sholáthar don LAB.

## 9. PRÓISEAS CHUN DÁMHACHTAINÍ NUA A CHUIMSIÚ LAISTIGH DEN CHREAT

Leagann *an Beartas agus na Critéir maidir le Dámhachtainí a Chuimsiú laistigh den Chreat* amach an próiseas chun iarratas a dhéanamh chuig QQI chun dámhachtainí a cheadú lena gcuimsiú laistigh den Chreat. Ar an gcéad dul síos, déanfaidh na LABanna iarratas ar bhunú mar LABanna ag an am céanna agus a dhéantar iarratas ar dhámhachtainí a chuimsiú. Mar sin féin, in iarratais ar chuimsiú ina dhiaidh sin, ní theastóidh ach an próiseas chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat.

## 10. DÁMHACHTAINÍ SCOIR

Má bheartaíonn LAB dámhachtainí scoir a thairiscint mar chuid de dhámhachtain CNC, ní mór iad seo a bheith ceadaithe lena gcuimsiú laistigh den Chreat ag QQI sula mbronnfar iad ar mhic léinn.

Ní mór do dhámhachtainí scoir a mholtar lena gcuimsiú laistigh den Chreat a bheith ag teacht le tuairisceoirí cineáil dámhachtana agus táscairí leibhéil agus a bheith ina ngnóthachtáil foghlama comhleanúnach i gcoibhneas leis an dámhachtain atá beartaithe. Ní mór don LAB sainchaighdeáin dámhachtana a fhorbairt do gach dámhachtain scoir.

## 11. ACHOMHARC IN AGHAIDH DIÚLTÚ

Féadfaidh iarratasóirí ar bhunú mar LAB achomharc a dhéanamh in aghaidh diúltú trí achomharc a thaisceadh leis an bPainéal Achomharc.[17]

Féadfaidh iarratasóirí iarratas nua a chur isteach 6 mhí tar éis diúltú.

## 12. CION

Is cion é d'fhoras cáiliúcháin a mhaíomh nó a dhearbhú gur LAB é mura bhfuil sé ceadaithe amhlaidh ag QQI.

## 13. COMHDHÁMHACHTAIN

Ní fhéadfaidh LAB dul isteach i ngaol comhdhámhachtana ach le foras cáiliúcháin eile a bhfuil údarás aige dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat a dhéanamh agus a bhfuil an t-údarás aige an dámhachtain Creata ábhartha a dhéánamh. Ní mór do LAB scéala a chur chuig QQI roimh ré maidir le haon socrú mar seo chun comhdhámhachtain a dhéanamh. Deimhneoidh QQI más rud é go bhfuil an gaol comhdhámhachtana incheadaithe.

17 Appealing a decision made by QQI | Quality and Qualifications Ireland

# CUID 3: CRITÉIR LE BHEITH BUNAITHE MAR LAB

## 14. RÉAMHRÁ

Leagann na critéir amach na riachtanais nach mór a shásamh le bheith bunaithe mar LAB. Is gá díriú ar na critéir agus ar na ceanglais fianaise nuair a iarrtar bunú mar LAB. Tá roinnt forluí idir na hábhair a ndíríonn na critéir seo orthu agus iad siúd a ndírítear orthu sna critéir chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat, i dtreoirlínte DC agus a leithéid. Mar sin féin, téann na critéir seo i bhfad níos faide ná DC agus gnáthréim na n-aonad DC. Mar shampla, tá rialachas agus bainistíocht chorparáideach agus acadúil (agus ní hamháin DC) le sonrú go láidir sna critéir. Ní mór díriú ar na critéir agus bunú mar LAB á lorg

D'fhéadfadh go mbeadh ar LABanna neamhsholáthraí tagairt a dhéanamh dá soláthraithe comhlachaithe chun fianaise a thabhairt na critéir go léir atá liostaithe a bheith comhlíonta agus tá sé seo oiriúnach. Tá sé tábhachtach go gcinntíonn na LABanna neamhsholáthraí go bhfuil gach soláthraí comhlachaithe ag comhlíonadh na gcaighdeán a bhfuiltear ag súil leo i soláthar clár oideachais agus oiliúna as a leanfaidh dámhachtainí laistigh den Chreat.

Ní fhorordaítear sna critéir seo struchtúr áirithe rialachais agus bainistíochta ach féachann siad le prionsabail a bhaineann le struchtúir dá leithéid a aithint a thabharfaidh an dearbhú riachtanach do QQI maidir le cumas agus acmhainn LAB ionchasach dámhachtainí CNC a dhéanamh.

Tugtar cuireadh d'iarratasóirí cur síos a dhéanamh ar na struchtúir rialachais atá acu faoi láthair agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíonann siad a gcuid riachtanas ag tagairt do stair, scála, méid agus castacht. Mura bhfuil critéar áirithe ábhartha, moltar d'iarratasóir an réasúnaíocht atá leis seo a mhíniú. Féadfar an fhianaise chéanna a úsáid arís agus arís eile chun comhlíonadh critéar éagsúil a léiriú, agus táthar ag súil leis seo agus glactar leis.

## 15. CRITÉIR MAIDIR LE hOIBRIÚ AGUS BAINISTÍOCHT FHORIOMLÁN

### 15.1 CÓRAIS AGUS STRUCHTÚIR

A. Cuimsíonn raon feidhme nósanna imeachta DC an fhorais cháiliúcháin arna mbunú faoi Alt 28 agus/nó Alt 55F d'Acht 2012 (arna leasú), arna gcur i bhfeidhm, na dámhachtainí agus na haicmí dámhachtainí a bheartaítear a dhéanamh má cheadaítear é mar LAB.

B. Tá próisis inmheánacha soiléire, doiciméadaithe ag an bhforas cáiliúcháin maidir le DC a sholáthraithe comhlachaithe.

C. Tá straitéis shoiléir réalaíoch ag an bhforas cáiliúcháin do na dámhachtainí oideachais, oiliúna agus taighde nó do na haicmí dámhachtainí agus seirbhísí gaolmhara a thagann faoi raon feidhme na ndámhachtainí atá beartaithe.

D. Tá struchtúir agus córais éifeachtacha ag an bhforas cáiliúcháin le haghaidh rialachais, bainistíochta agus riaracháin le línte soiléire cuí cuntasachta le haghaidh dámhachtainí agus

seirbhísí gaolmhara.

E. Tá bonneagar agus córais riachtanacha agus leordhóthanacha i bhfeidhm ag an bhforas cáiliúcháin do bhainistiú faisnéise agus sonraí, lena n-áirítear taifid foghlaimeoirí ach gan a bheith teoranta dóibh.

F. Tá an oibríocht agus an bhainistíocht iomlán a bhaineann le dámhachtainí fónta.

## 15.2 ACMHAINNÍ

A. Tá bainistíocht airgeadais an fhorais cháiliúcháin láidir, agus tá gaol soiléir idir a bheartas airgeadais agus cosaint cháilíocht agus chaighdeáin na ndámhachtainí agus na gclár ábhartha as a leanann na dámhachtainí sin.

B. Tá go leor acmhainní daonna ag an bhforas cáiliúcháin, nuair is ábhartha, atá ar fáil agus inniúil chun oideachas agus oiliúint a chur ar fáil, chun foghlaim a éascú agus chun foghlaimeoirí a mheas laistigh de raon feidhme agus scála an tsoláthair maidir leis na dámhachtainí atá beartaithe lena gcuimsiú laistigh den Chreat.

C. Tacaíonn na timpeallachtaí intleachtacha, fisiceacha, sóisialta agus cultúrtha (lena n-áirítear timpeallachtaí foghlama fíor agus fíorúla) le foghlaim agus le foirmiú foghlaimeoirí agus tá siad sábháilte agus déantar monatóireacht orthu.

D. Is leor seirbhísí leabharlainne agus seirbhísí faisnéise eile, atá oiriúnach do phróifíl na mac léinn agus do na cláir a bhaineann leis na dámhachtainí atá beartaithe.

E. Ní mór don fhoras cáiliúcháin a chinntiú go bhfuil a dhóthain seirbhísí tacaíochta mac léinn i bhfeidhm aige, atá oiriúnach do phróifíl na mac léinn agus do na cláir a bhaineann leis na dámhachtainí atá beartaithe.

F. Ní mór fianaise a bheith ann go ndéantar acmhainní fisiceacha ginearálta a oibriú agus a bhainistiú ar bhealach atá ag teacht le misean an fhorais cháiliúcháin.

## 15.3 FEIDHMEANNA DÁMHACHTANA

A. Ní mór nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag foras cáiliúcháin chun caighdeáin dámhachtana a chinneadh atá ag teacht leis an CNC agus chun leibhéal agus cineál dámhachtana cuí an CNC a shannadh dá ndámhachtainí féin.

B. Ní mór córais dhéine a bheith i bhfeidhm ag foras cáiliúcháin maidir le ceadú agus athbhreithniú clár trína gcinntítear sonraíocht na dtorthaí foghlama, leibhéal CNC, an cineál dámhachtana is infheidhme, rang na dámhachtana, méid i dtéarmaí creidiúintí agus teideal cuí agus comhleanúnach.

C. Tá an foras cáiliúcháin freagrach as forbairt agus cothabháil na dámhachtana agus na sainchaighdeán dámhachtana agus ní mór córais a bheith i bhfeidhm aige lena chinntiú go seastar le caighdeáin dámhachtana.

D. Ní mór córais agus nósanna imeachta um cheadú agus athbhreithniú clár cuntas a thabhairt ar ailíniú na dtorthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo le tuairisceoirí ábhartha an CNC.

E. Áiríonn athbhreithnithe ar chláir, nó nósanna imeachta institiúideacha coibhéiseacha, meastóireacht ar thorthaí foghlama cláir atá beartaithe agus bainte amach mar a mheasúnaítear iad i gcomparáid le caighdeáin dámhachtana ar leith, an cineál dámhachtana agus an leibhéal ar an CNC.

F. Cuimsíonn athbhreithnithe ar chláir, nó nósanna imeachta institiúideacha coibhéiseacha, meastóireacht ar shonraí a bhaineann le mí-iompar acadúil agus ionracas acadúil.

G. Tá tiomantas ann d'aiseolas foirmiúil struchtúrtha a chur i bhfeidhm mar chuid dá athbhreithniú agus d'fhorbairt na ndámhachtainí atá sa Chreat agus sna cláir ghaolmhara.

H. Déantar doiciméadú ag an tús in ábhair chláir agus cuirtear in iúl iad go soiléir don fhoghlaimeoir ar na socruithe chun rochtain a fháil ar chláir as a leanann dámhachtainí Creata (lena n-áirítear socruithe chun réamhfhoghlaim a aithint nuair is féidir), aistriú uathu, imeacht astu, agus dul ar aghaidh go cláir eile.

I. Tá beartais agus rialacháin measúnaithe i bhfeidhm chun bailíocht, iontaofacht agus soláimhsithe an mheasúnaithe agus an chaidrimh le foghlaimeoirí a chinntiú agus chun a chinntiú go gcoimeádtar caighdeáin dámhachtainí agus nach mbronntar cáilíochtaí ach ar fhoghlaimeoirí ar éirigh leo na torthaí foghlama a bhaint amach.

J. Oireann na modheolaíochtaí measúnaithe do leibhéal agus do rang na ndámhachtainí, do na torthaí foghlama agus do chaighdeáin na ndámhachtainí.

K. Baineann critéir mheasúnaithe soiléire oibiachtúla le comhpháirteanna gairmiúla na gclár as a leanann dámhachtainí Creata, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do shocrúchán, intéirneacht, oiliúint ghairmiúil, nó aon ghníomhaíocht chomhchosúil agus déantar measúnú ceart ar na torthaí foghlama gaolmhara ar fad.

L. Úsáidtear modhnóireacht inmheánach agus sheachtrach chun iontaofacht na gcleachtas measúnaithe a chinntiú.

M. Nuair atá siad ar fáil, tá fianaise ar chomhsheasmhacht idir na torthaí foghlama iarbhír a bhaineann foghlaimeoirí amach agus na cuspóirí foghlama sonraithe agus na híostorthaí foghlama (agus torthaí eile) atá beartaithe don chlár.

N. Cuirtear socruithe dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú a éascaíonn bealaí inrochtana agus cuimsitheacha chuig cáilíochtaí. Tá gníomhaíochtaí iontrála réamh- agus iarchláir comhsheasmhach le beartais agus critéir QQI maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú[18] agus le treoirlínte DC ar iontráil, forchéimniú agus aitheantas d'fhoghlaimeoirí.

O. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an bhforas cáiliúcháin chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí atá bainte amach cheana féin agus/nó d'fhoghlaim a gnóthaíodh i suíomhanna neamhfhoirmiúla nó mífhoirmiúla i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint [19]***agus le Beartas Eorpach ábhartha***[20].

P. Feidhmíonn an foras cáiliúcháin córais thrédhearcacha maidir le carnadh creidmheasanna agus aistriú creidmheasa atá comhsheasmhach le beartas QQI do leibhéil 1-6 agus leis na Prionsabail agus na Treoirlínte Oibriúcháin chun Creidmheas a Chur i bhFeidhm in Ardoideachas na hÉireann[21] agus leis an Scéim Eorpach um Aistriú agus Carnadh Creidmheasa (ECTS)2223. Cuimsíonn sé seo socruithe cleachtais ghairmiúil.

Q. Tá an foras cáiliúcháin tiomanta do thuarascálacha a fhoilsiú ar na nithe seo a leanas: (i) cuimsiú dámhachtainí nua laistigh den Chreat, (ii) athbhreithnithe tréimhsiúla ar an LAB agus a dhámhachtainí agus (iii) athbhreithnithe ar sholáthraithe comhlachaithe.

18 Beartas agus Critéir Náisiúnta um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú ATP Policy Restatement FINAL 2018.pdf (qqi.ie)
19 Is é Coinbhinsiún Aithint Liospóin an phríomhionstraim dlí maidir le haitheantas acadúil cáilíochtaí san Eoraip https://www.coe.int/en/web/higher-education-and-research/lisbon-recognition-convention
20 Féach Moladh Chomhairle AE ar bhailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus mífhoirmiúla https://www.coe.int/en/web/higher-education-and-research/lisbon-recognition-convention
21 Tá prionsabail agus treoirlínte oibriúcháin do chreidmheas san ardoideachas glactha ag QQI. principlesandoperguidelinesgreen.pdf (qqi.ie)
22 Tá ECTS glactha ag formhór na dtíortha sa Limistéar Eorpach Ardoideachais agus glactha mar an gcóras creidmheasa náisiúnta https://ec.europa.eu/education/resources-and-tools/european-credit-transfer-and-accumulation-system-ects_en
23 ECTS users' guide 2015 - Publications Office of the EU (europa.eu)

# CUID 4: LAB A ATHBHREITHNIÚ, A THARRAINGT SIAR NÓ A ATHRÚ

## 16. NÓSANNA IMEACHTA UM ATHBHREITHNIÚ

Baineann alt 55G go háirithe leis an alt seo.

**Athbhreithniú ar fhorais cháiliúcháin liostaithe**

**55G.** (1) Déanfaidh an tÚdarás-

(a) uair amháin ar a laghad gach 7 mbliana, agus

(b) ó am go ham de réir mar is cuí leis an Údarás,

athbhreithniú ar oibriú agus ar bhainistiú gach LAB a mhéid a bhaineann an oibríocht agus an bhainistíocht sin leis na nithe seo a leanas-

(i) dámhachtainí an fhorais cháiliúcháin liostaithe atá cuimsithe laistigh den Chreat,

(ii) cur chun feidhme nósanna imeachta an fhorais cháiliúcháin liostaithe, arna mbunú aige faoi alt 55F(2), agus

(iii) comhlíonadh a dhualgais faoi alt 55F(7) (b) agus (c) ag an LAB.

Beidh athbhreithnithe bunaithe go ginearálta ar na nósanna imeachta agus ar an measúnú a leagtar amach mar chuid den phróiseas iarratais. Féadfar treoirlínte níos mionsonraithe maidir le hullmhú d'athbhreithniú a fhoilsiú ar leithligh.

### 16.1 NÓSANNA IMEACHTA ARNA MBUNÚ FAOI ALT 55G D'ACHT 2012

Beidh an nós imeachta caighdeánach athbhreithnithe mar an gcéanna leis an nós imeachta chun iarratas ar bhunú mar LAB a mheas, agus chun dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat, ach beidh difríochtaí áirithe ann.

Is éard a bheidh i gceist leis an athbhreithniú ná féinmheastóireacht ag an LAB i gcomparáid leis an mbeartas agus na critéir le haghaidh bunú mar LAB agus cuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat, mar aon le meastóireacht ó QQI ar an bhféinmheastóireacht sin. Ceanglófar ar an LAB a fheidhmiú agus a bhainistíocht iomlán, cur i bhfeidhm nósanna imeachta DC arna mbunú faoi S55F agus comhlíonadh aon dualgas agus coinníollacha, a mheas. Ba cheart go mbainfeadh meastóireacht an LAB chun críche athbhreithnithe úsáid fhairsing as a thaithí ar oibriú agus ar bhainistiú mar LAB, as dámhachtainí atá laistigh den Chreat a dhéanamh agus as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe comhlachaithe (más ábhartha). Áireofar sna doiciméid tacaíochta fianaise oiriúnach ar an taithí seo.

I gcás LABanna neamhsholáthraí, díreofar go sonrach san athbhreithniú ar DC na soláthraithe comhlachaithe.

## 16.2 SOLÁTHRAITHE ÁBHARTHA

Meastar gur soláthraithe ábhartha iad LABanna chun críocha an Achta, agus mar sin, tá siad faoi réir na n-athbhreithnithe éifeachtúlachta atá leagtha amach in Alt 27 den Acht.

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach athbhreithniú ar LAB soláthraí a chomhcheangal le hathbhreithniú ar éifeachtacht DC.

**Dearbhú cáilíochta.**

**27** .— (1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe-

(a) treoirlínte (dá ngairtear "treoirlínte maidir le dearbhú cáilíochta" san alt seo) a eisiúint chun nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta a bhunú faoi alt 28, agus

(b) nósanna imeachta (dá ngairtear "nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú éifeachtachta" san alt seo) a bhunú chun go ndéanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na nithe seo a leanas—

(i) na nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta a bheidh bunaithe ag soláthraithe iomchuí, agus

(ii) cur i ngníomh na nósanna imeachta sin ag soláthraithe iomchuí,

## 16.3 LABanna IDIRNÁISIÚNTA

D'fhéadfadh go mbeadh LABanna idirnáisiúnta atá faoi réir athbhreithnithe ar DC ina ndlínse baile in ann úsáid a bhaint as fianaise an athbhreithnithe seo chun cuid de na riachtanais athbhreithnithe nó na riachtanais uile a bhaineann le bunú mar LAB in Éirinn a shásamh. Socrófar é seo le QQI ar bhonn cáis agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí ann ceanglas go gceapfadh QQI athbhreithneoir amháin nó níos mó don athbhreithniú atá á dhéanamh ag rialtóir eile.

## 16.4 SOCRUITHE EILE

Sa chás go bhfuil LAB soláthraí baile faoi réir athbhreithniú ag gníomhaireacht rialála gairmiúil nó reachtúil eile, d'fhéadfadh go mbeadh QQI in ann athbhreithniú comhcheangailte a dhéanamh leis an rialtóir seo. Socrófar é seo le QQI ar bhonn cáis.

### 16.5 ATHBHREITHNITHE AR SHOLÁTHRAITHE COMHLACHAITHE

Ceanglaítear ar LABanna athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthraithe comhlachaithe uair amháin gach 5 bliana. Beidh na hathbhreithnithe seo mar bhonn eolais don athbhreithniú iomlán ar LAB arna dhéanamh ag QQI.

Sa chás gur soláthraí ábhartha é soláthraí comhlachaithe, atá faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil ag QQI, is féidir le LAB brath ar an athbhreithniú seo.

### 16.6 MONATÓIREACHT BHLIANTÚIL

Ceanglófar ar LABanna cloí leis an mbeartas monatóireachta arna chur i bhfeidhm ag QQI agus b'fhéidir go mbeadh gá le ráiteas bliantúil comhlíontachta. I gcás forais cháiliúcháin idirnáisiúnta, is féidir go mbeifear in ann comhoibriú le comhlachtaí rialála i ndlínsí eile maidir le haighneachtaí bliantúla.

## 17. LIOSTÚ FORAS CÁILIÚCHÁIN A THARRAINGT SIAR NÓ A ATHRÚ

### 17.1 LABanna A THARRAINGT SIAR NÓ A ATHRÚ AG QQI LENA N-ÁIRÍTEAR CUIMSIÚ DÁMHACHTAINÍ

Pléitear in alt 55H d'Acht 2012 tarraingt siar nó athrú ar liostú forais cháiliúcháin.

> **55H.** (1) Más rud é, tar éis athbhreithniú faoi alt 55G i leith LABanna, gurb é tuairim an Údaráis, ar aon cheann de na forais a shonraítear i bhfo-alt (3),—
>
> (a) nach iomchuí a thuilleadh go mbeidh ainm an fhorais cháiliúcháin ar áireamh sa liosta d'fhorais cháiliúcháin faoi threoir (de réir mar is cuí leis an Údarás)—
>
> (i) maidir le gach dámhachtain amháin nó níos mó ar cuireadh ainm an fhorais ar an liosta sin ina leith ('scriosadh iomlán'), nó
>
> (ii) chuig cibé ceann amháin nó níos mó (a shonróidh an tÚdarás), ach ní gach ceann, de na dámhachtainí sin ('scriosadh páirteach'),
>
> nó
>
> (b) gur cheart na coinníollacha a fhorchuirtear de thuras na huaire ar an bhforas cáiliúcháin faoi alt 55F(7)(f) a athrú, ansin, faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh an tÚdarás na cumhachtaí a shonraítear i bhfo-alt (2) a fheidhmiú.
>
> (2) Is iad na cumhachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(b) na coinníollacha a fhorchuirtear de thuras na huaire ar an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann faoi alt 55F(7)(f) a athrú.

(3) Is iad na forais dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) ag féachaint do na beartais agus na critéir arna mbunú faoi alt 55E(1)(a), is iomchuí nach mbeidh ainm an fhorais cháiliúcháin lena mbaineann ar áireamh a thuilleadh, cibé acu trí scriosadh iomlán nó trí scriosadh páirteach, ar liosta na bhforas cáiliúcháin nó, maidir leis na coinníollacha a fhorchuirtear de thuras na huaire ar an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann faoi alt 55F(7)(f), gur cheart na coinníollacha sin a athrú,

(b) gur theip ar an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a fhorchuirtear air faoi alt 55F(7)(f) a chomhlíonadh, nó

(c) imthosca eile a bheith ann maidir leis an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann a mheasann an tÚdarás go dtugann sé bonn cirt réasúnach dó chun ceachtar de na cumhachtaí a shonraítear i bhfo-alt (2) a fheidhmiú i ndáil leis an bhforas sin,

agus forléireofar an t-alt seo chun go gcumasaíonn an foras a shonraítear i mír (b), amhail an foras a shonraítear i mír (a) nó (c), don Údarás ceachtar de na cumhachtaí a shonraítear i bhfo-alt (2) maidir leis an bhforas i dtrácht a fheidhmiú.

(4) Má bheartaíonn an tÚdarás ceachtar de na cumhachtaí a shonraítear i bhfo-alt (2) a fheidhmiú i ndáil le LAB, cuirfidh an tÚdarás, trí fhógra i scríbhinn, in iúl don fhoras cáiliúcháin go mbeartaíonn an tÚdarás a ainm a bhaint de liosta na bhforas cáiliúcháin, cibé acu trí scriosadh iomlán nó trí scriosadh páirteach agus, i gcás an dara ceann, sonrófar ann na dámhachtainí a mbeartaítear an scriosadh a chur i bhfeidhm maidir leo, nó, de réir mar a bheidh, a athrófar, i ngnéithe sonraithe, na coinníollacha a bheidh forchurtha air faoi alt 55F(7)(f), agus luafar san fhógra na cúiseanna atá leis an ngníomh atá beartaithe agus beidh cóip den tuarascáil arna hullmhú faoi alt **55G(5) ag gabháil leis.**

(5) Luafar i bhfógra faoi fho-alt (4) go bhféadfaidh an foras cáiliúcháin tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Údaráis i ndáil leis an gcúrsa gníomhaíochta atá beartaithe san fhógra nó i ndáil leis an tuarascáil a bheidh ag gabháil leis an bhfógra, tráth nach déanaí ná mí amháin ó sheirbheáil an fhógra ar an bhforas cáiliúcháin, agus féadfaidh an foras cáiliúcháin tuairimí den sórt sin a chur isteach dá réir.

(6) Más rud é, tar éis aon tuairimí a cuireadh faoina bhráid de réir fho-alt (5) a bhreithniú — (a) go bhfuil an tÚdarás fós den tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) nó (b), féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn arna sheoladh chuig an bhforas cáiliúcháin—

(i) ainm an fhorais cháiliúcháin a scriosadh de liosta na bhforas cáiliúcháin, cibé acu trí scriosadh iomlán nó, de réir mar a bheidh, trí scriosadh páirteach (is é sin an scriosadh páirteach mar a fógraíodh don fhoras sin faoi fho-alt (4)), nó

(ii) na coinníollacha atá forchurtha ar an bhforas cáiliúcháin faoi alt 55F(7)(f) a athrú, i ngnéithe áirithe,

nó

(b) i gcás inarb é an tuairim bhunaidh an tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) agus gurb é tuairim an Údaráis anois gur cheart ainm an fhorais cháiliúcháin a scriosadh de liosta na bhforas cáiliúcháin i bhfoirm—

(i) scriosadh páirteach (seachas trí scriosadh iomlán), nó

(ii) scriosadh páirteach maidir le líon níos lú dámhachtainí ná mar a cuireadh in iúl don fhoras sin faoi fho-alt (4),

féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn arna sheoladh chuig an bhforas cáiliúcháin, ainm an fhorais a scriosadh den liosta sin i bhfoirm scriosadh páirteach a thagann leis an méid a bhfuil tuairisc air i bhfomhír (i) nó, de réir mar a bheidh, i bhfomhír (ii), agus go gcuirfear in iúl go mbeidh feidhm ag an scriosadh sin (de cibé cineál) nó leis an athrú sin ó cibé dáta (nach luaithe ná dáta seirbheála an fhógra) is cuí leis an Údarás agus a shonróidh sé san fhógra.

(7) Luafar i bhfógra faoi fho-alt (6) na cúiseanna atá leis an scriosadh nó leis an athrú dá dtagraítear san fho-alt sin.

(8) Tar éis aon bharúlacha a chuirfear faoina bhráid de réir fho-alt (5) a bhreithniú, féadfaidh an tÚdarás aon leasuithe a dhéanamh ar an tuarascáil arna hullmhú faoi alt 55G(5) is cuí leis an Údarás. Má dhéantar leasuithe den sórt sin air, soláthróidh an tÚdarás cóip den tuarascáil, arna leasú amhlaidh, don fhoras cáiliúcháin lena mbaineann.

(9) Foilseoidh an tÚdarás an tuarascáil arna hullmhú faoi alt 55G(5), nó, má leasaíodh í faoi fho-alt (8), an tuarascáil arna leasú faoin bhfo-alt sin, i cibé foirm agus modh is cuí leis an Údarás (lena n-áirítear ar an idirlíon).

(10) Féadfaidh an foras cáiliúcháin lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc i gcoinne scriosadh, faoin alt seo, a ainm (trí scriosadh iomlán nó trí scriosadh páirteach) de liosta na bhforas cáiliúcháin nó i gcoinne an athraithe, faoin alt seo, ar na coinníollacha arna bhforchur air faoi alt 55F(7)(f).

Sa chás go dtarraingíonn nó go n-athraíonn QQI liostú forais cháiliúcháin féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc in aghaidh na tarraingthe siar nó an athraithe (Alt 55F(7)(f)).

## 17.2 CEADÚ NÓSANNA IMEACHTA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA A THARRAINGT SIAR

Féadfaidh QQI ceadú nósanna imeachta DC i gcás LAB Soláthraí nó Cumaisc a tharraingt siar faoi Alt 36(4) d'Acht 2012, a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chumas an fhorais cháiliúcháin

leanúint ar aghaidh ag déanamh dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC.

## 17.3 CEADÚ NÓSANNA IMEACHTA ATP A THARRAINGT SIAR

Féadfaidh QQI ceadú nósanna imeachta ATP LAB Soláthraí nó Cumaisc a tharraingt siar faoi Alt 36(4) d'Acht 2012, a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chumas an fhorais cháiliúcháin leanúint ar aghaidh ag déanamh dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC.

## 17.4 ÉIFEACHT SCRIOSTA IOMLÁIN NÓ PÁIRTIGH

Mar a leagtar amach i Mír 55I(1) scoirfear de gach dámhachtain a mheas mar dhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat i gcás scriosadh iomlán. Ní scoirfear i scriosadh páirteach ach de na dámhachtainí sonraithe a mheas mar dhámhachtainí a chuimsítear sa Chreat.

Mar a shonraítear in Alt 55I(3), leanann dámhachtainí a dhéantar tar éis scriosadh iomlán nó páirteach de bheith ina ndámhachtainí laistigh den Chreat i gcás mac léinn a bhí cláraithe ar chláir as ar tháinig na dámhachtainí sin roimh an scriosadh. I gcás a leithéid de thréimhse 'chríochnú an teagaisc', beidh ar an LAB oibriú go dlúth le QQI agus iad a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn na mac léinn ábhartha.

Déanfar an IRQ a nuashonrú chun scriosadh iomlán agus páirteach a léiriú lena n-áirítear socruithe d'fhoghlaimeoirí cláraithe.

## 17.5 AISTARRAINGT NÓ ATHRÚCHÁN ARNA THIONSCNAMH AG LAB

Féadfaidh LAB iarracht a dhéanamh iad féin a bhaint go deonach de Liosta na bhForas Cáiliúcháin nó féachaint le roinnt dámhachtainí a tharraingt siar go deonach ó laistigh den Chreat. Ba chóir do LABanna atá ag iarraidh baint dheonach de chineál ar bith teagmháil a dhéanamh le QQI chun pleanáil a dhéanamh maidir le tarraingt siar agus/nó athrú. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag bronnadh dámhachtainí Creata ar na foghlaimeoirí sin atá cláraithe cheana féin ar feadh tréimhse chomhaontaithe.

# AGUISÍN A: GLUAIS NA NGIORRÚCHÁN, NA NACRAINMNEACHA AGUS NA DTÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **Acht 2012 ('an tAcht')** | An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (arna leasú) |
| **Rochtain, aistriú agus forchéimniú (ATP)** | Is ionann rochtain, aistriú agus forchéimniú (ATP) agus na cosáin atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun dul isteach i gcláir, aistriú idir cláir agus dul ar aghaidh as cláir oideachais agus oiliuna, arb é seo an príomhchosán chun dámhachtainí agus cáilíochtaí a ghnóthú. |
| **Measúnú** | Ciallaíonn measúnú foghlaimeora (measúnú foghlama go sonrach) tátal (m.sh. breithiúnas nó meastachán nó meastóireacht) maidir le heolas, scil nó inniúlacht foghlaimeora i gcomparáid le caighdeán atá bunaithe ar fhianaise chuí. Tá féinmheasúnú san áireamh leis seo. |
| **Soláthraí comhlachaithe** | Ciallaíonn soláthraí comhlachaithe soláthraí, a bhfuil áit ghnó aige sa Stát, a dhéanann socrú le LAB faoina soláthraíonn an soláthraí clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn na réamhriachtanais go léir le haghaidh dámhachtana an LAB atá cuimsithe laistigh den Chreat. |
| **Dámhachtain** | Dámhachtain (cáilíocht) a bhronntar, a dheonaítear nó a thugann foras cáiliúcháin trína dtaifeadtar go bhfuil caighdeán eolais, scile nó inniúlachta gnóthaithe ag foghlaimeoir. |
| **Foras cáiliúcháin** | Comhlacht a eisíonn dámhachtainí trína n-aithnítear torthaí foghlama duine go foirmiúil (eolas, scileanna, inniúlachtaí)r, tar éis nós imeachta measúnaithe agus bailíochtaithe. |

| | |
|---|---|
| **Caighdeán dámhachtana** | Aithnítear i gcaighdeáin dámhachtana na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear gach oideachas agus oiliúint do chineál áirithe dámhachtana. Baineann siad leis an eolas, an fios gnó agus an scil, agus an inniúlacht a mbeifear ag súil leis ón bhfoghlaimeoir atá le dámhachtain a ghnóthú. Áirítear leo caighdeáin ghinearálta do chineál áirithe dámhachtana agus caighdeáin shonracha do dhámhachtainí ainmnithe in ábhair nó i réimsí foghlama ar leith. Ba cheart go mbeadh caighdeáin inchomparáide eolais, scile agus inniúlachta ag foghlaimeoirí a bhfuil dámhachtainí den chineál céanna acu. |
| **Cineál dámhachtana** | Tá ceithre rang dámhachtana i gceist leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí - mórdhámhachtin, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóire agus dámhachtain fhorlíontach. Tá cineálacha dámhachtainí gairmiúla ar fáil freisin agus úsáidtear iad go príomha i gcomhar le cineál dámhachtana eile. |
| **Bologna (Próiseas)** | Ba le Próiseas Bologna a bunaíodh an Limistéar Eorpach um Ardoideachas. Is próiseas athchóirithe ardoideachais idir-rialtasach é a fhéachann le níos mó comhleanúnachais a thabhairt do chórais ardoideachais ar fud na hEorpa.[24] |
| **Forais cháiliúcháin liostaithe chumais (LABanna)** | Feidhmíonn eagraíochtaí múnla cumaisc trína seachadann siad cuid dá gcláir féin as a leanann dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat agus ina bhfostaíonn siad soláthraithe comhlachaithe chun cláir eile a sheachadadh as a leanann dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat. |
| **Méid na gcreidmheasanna** | Tugtar méid na foghlama ar mhéid na foghlama is gá do dhámhachtain. I bhfoirm creidmheasanna e.g. 15 chreidmheas nó 240 creidiúint a thomhaistear méid na foghlama. |

24 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais na hÓige, an Spóirt agus an Chultúir. Próiseas Bologna agus an Limistéar Eorpach um Ardoideachas. [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/bologna-process.

| | |
|---|---|
| **Forais cháiliúcháin ainmnithe (DABanna)** | Tá údarás faighte ag soláthraithe áirithe sa reachaíocht lena gcuid gclár féin a bhailíochtú agus a ndámhachtainí féin a eisiúint. Comhlachtaí dámhachtana ainmnithe (DABanna) a thugtar orthu seo. Is DABanna iad na hollscoileanna, Ollscoil na hÉireann, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI), institiúidí teicneolaíochta (IoTanna) agus ollscoileanna teicneolaíochta. |
| **EHEA** | An Limistéar Eorpach um Ardoideachas |
| **ESG** | Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa |
| **An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)** | Is córas creidmheasa atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir é an Córas Eorpach Aistrithe agus Carntha Creidmheasa (ECTS) atá deartha chun é a dhéanamh níos fusa do mhic léinn bogadh idir tíortha éagsúla. Cuireann creidmheasanna ECTS in iúl méid na foghlama bunaithe ar thorthaí foghlama sainithe agus an t-ualach oibre a bhaineann leo. Cuidíonn ECTS freisin le cláir staidéir a phleanáil, a sheachadadh agus a mheas, agus déanann sé níos trédhearcaí iad.[25] |
| **An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF)** | Is meiteachreat 8 leibhéal (bunaithe ar thorthaí foghlama) é an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) do gach cineál cáilíochtaí. Feidhmíonn sé mar uirlis aistriúcháin idir creataí náisiúnta cáilíochtaí éagsúla.[26] |
| **Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ)** | Is é Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) bunachar sonraí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do dhámhachtainí, soláthraithe agus cláir. |
| **Comhdhámhachtain** | Is féidir le dhá fhoras cáiliúcháin nó níos mó, a bhfuil cumhachtaí dámhachtana acu, dámhachtain amháin a bhronnadh ar fhoghlaimeoir. |
| **Torthaí foghlama** | Athraíonn eolas, scil agus inniúlacht foghlaimeora mar thoradh ar an bhfoghlaim. Tugann torthaí foghlama breac-chuntas ar a bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag foghlaimeoir, a bheidh in ann a dhéanamh agus a thuiscint ag deireadh próisis foghlama.[27] |

25 An Coimisiún Eorpach. An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS) [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/european-credit-transfer-and-accumulation-system.

26 Europass Aontas Eorpach. An Creat Eorpach um Cháilíochtaí. [ar líne] Ar fáil ag: https://europa.eu/europass/en/europass-tools/european-qualifications-framework.

27 Cedefop, 2017. Defining, writing and applying learning outcomes: a European handbook. Lucsamburg Oifig na bhFoilseachán Ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.2801/566770.

| | |
|---|---|
| **Forais cháiliúcháin liostaithe (LABanna)** | Is foras cáiliúcháin é foras cáiliúcháin liostaithe (LAB) nach bhfuil cumhachtaí dámhachtana reachtúla ó thaobh dámhachtainí CNC aige sa Stát agus a fhéachann go deonach lena dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. |
| **Cúrsaí micri dhintiúr** | Tagraíonn cúrsaí micridhintiúr do cháilíocht (dámhachtain) a éiríonn as pacáiste foghlama ‘beag’, nuair a thagraíonn ‘beag’ don mhéid creidmheasa a ghabhann leis an dámhachtain. Is féidir miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra agus dámhachtainí forlíontacha a úsáid chun cúrsaí micridhintiúr a fhorbairt sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). |
| **An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) (‘an Creat’)** | Is córas 10-leibhéal é An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann. Léiríonn an CNC conas a dhéantar dámhachtainí oideachais ghinearálta, dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna agus dámhachtainí ardoideachais a mhapáil i gcoinne 10 leibhéal an chreata. |
| **Tuairisceoirí cineáil dámhachtana an CNC** | Is éard is tuairisceoir cineáil dámhachtana ann ná sraith ráiteas ar ghnóthachtáil ghinearálta foghlama trína gcuireann síos ar dhámhachtain ar bith de chineál ar leith. |
| **Greille táscairí leibhéil CNC** | Greille 10-Leibhéal Táscairí Leibhéil atá mar chuid de chinneadh Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Léiríonn an ghreille conas a théann na torthaí i ngach ceann de na hocht bhfo-shnáithe chun cinn thar na deich leibhéal. Tá na táscairí leibhéil atá leagtha amach sa ghreille seo ceaptha chun cur ar chumas Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) cineálacha dámhachtana a chur ag leibhéil chuí den Chreat, bunaithe ar an meascán de thorthaí foghlama atá iontu.[28] |
| **Forais cháiliúcháin liostaithe neamhsholáthraí (LABanna)** | Eagraíochtaí a fhostaíonn soláthraithe eile, ar a dtugtar soláthraithe comhlachaithe, chun na cláir as a leanfaidh dámhachtainí a chuimsítear sa Chreat a sheachadadh. |

28 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2019. Greille Táscairí Leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí. [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/NFQ%20Grid%20Level%20Indicators.pdf.

| | |
|---|---|
| **Clár** | Tagraíonn clár oideachais agus oiliúna d'aon phróiseas trína bhféadfaidh foghlaimeoirí eolas, scil nó inniúlacht a ghnóthú. Áirítear leis cúrsaí staidéir nó teagaisc, printíseachtaí, oiliúint agus fostaíocht. |
| **Cosaint d'fhoghlaimeoirí rollaithe** | Tá sé mar aidhm ag Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe (PEL) turas acadúil an fhoghlaimeora a chosaint. Tagraíonn sé do shocruithe a rinneadh do chláir ar leith chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoir an clár atá tosaithe acu a chríochnú mura bhfuil a gclár á thairiscint níos mó ag an soláthraí ar chúis ar bith. |
| **Soláthraí** | Is éard is 'soláthraí cláir oideachais agus oiliúna' ann ná duine, nó comhlacht a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna. |
| **Foras cáiliúcháin liostaithe soláthraí (LAB)** | Eagraíochtaí a sheachadann a gcláir féin as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat. |
| **DC** | Dearbhú cáilíochta |
| **QF - EHEA ('Bologna')** | An Creat Cáilíochtaí don Limistéar Eorpach um Ardoideachas. |
| **Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)** | Is í Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach an bhreisoideachais agus an ardoideachais in Éirinn. |
| **Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)** | Is próiseas é Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) chun na scileanna agus an t-eolas atá faighte ag duine sa saol lasmuigh den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil a mheas. |

| | |
|---|---|
| **Soláthraí ábhartha** | Sainmhínitear an rud is soláthraí ábhartha ann faoi alt 1 d'Acht 2012 (leasaithe). Áirítear leo ollscoileanna; ollscoileanna teicneolaíochta; institiúidí teicneolaíochta; Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI); soláthraithe a bhfuil a gcuid clár bailíochtaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI); soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu ó QQI chun dámhachtainí a dhéanamh; soláthraithe atá údaraithe ag QQI chun an IEM a úsáid; soláthraithe nasctha; agus LABanna a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a ndámhachtainí féin a chuimsítear sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). |

# AGUISÍN B: FOINSÍ AGUS ACMHAINNÍ


Cedefop, 2017. ***Defining, writing and applying learning outcomes: a European handbook.*** Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán. Ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.2801/566770.

Comhairle na hEorpa, 2023. ***Coinbhinsiún Aitheantais Liospóine.*** [ar líne] Ar fáil ag: https://www.coe.int/en/web/higher-education-and-research/lisbon-recognition-convention.

*An tAcht Oideachais 1998* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/51/enacted/en/html.

Europass European Union. *An Creat Eorpach um Cháilíochtaí.* [ar líne] Ar fáil ag: https://europa.eu/europass/en/europass-tools/european-qualifications-framework.

An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, an Spórt agus an Cultúr. *An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)* [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/european-credit-transfer-and-accumulation-system.

An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, an Spórt agus an Cultúr. *Próiseas Bologna agus an Limistéar Eorpach um Ardoideachas.* [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/bologna-process.

An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, Óige, Spórt agus Cultúr. *Treoir d'usáideoirí ECTS 2015* [online] Oifig na bhFoilseachán: 2017. Ar fáil ag: https://data.europa.eu/doi/10.2766/87192.

An Limistéar Eorpach um Ardoideachas (EHEA). *Creataí Cáilíochtaí.* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.ehea.info/page-qualification-frameworks.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2003. I*mlíne den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí - Cinnti arna ndéanamh ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.* [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/Determinations%20for%20the%20outline%20National%20Framework%20of%20Qualifications.pdf.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2003. *Beartais agus Critéir chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhunú.* [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/Policies%20%26%20Criteria%20for%20the%20Establishment%20of%20the%20National%20Framework%20of%20Qualifications.pdf.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2006. *Prionsabail agus Treoirlínte Oibríochtúla chun Cur Chuige Náisiúnta i leith Creidmheas a Fheidhmiú in Ardoideachas agus Oiliúint na hÉireann.* [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/principlesandoperguidelinesgreen.pdf.

*Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (ESG), 2015* [pdf] An Bhruiséil, An Bheilg. Ar fáil ag: https://www.ehea.info/media.ehea.info/file/ESG/00/2/ESG_2015_616002.pdf.

*Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1999/act/26/enacted/en/html.

*An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíohta (Oideachas agus Oiliúínt) 2012 Athbhreithnithe.* [ar líne] Ar fáil ag: https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2012/act/28/front/revised/en/html.

*An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2019* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/32/enacted/en/html

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) *Tuairisceoirí do Chineálacha Dámhachtainí Miondámhachtana, Sainchuspóra, Forlíontacha Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-01/descriptors-minor-spa-supplemental-awards.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) *Clár Cáilíochtaí na hÉireann* [ar líne] Ar fáil ag: https://irq.ie/.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2014. *Tuairisceoirí Cineálacha dámhachtana Gairmiúla (Aicme Dámhachtainí: Gairmiúil) chun Dámhachtainí Gairmiula a Ailíniú ag Leibhéil CNC 5, 6, 7, 8 agus 9.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/Professional%20Award%20Type%20Descriptors.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2014. *Beartas agus Critéir chun Dámhachtainí Gairmiúla a Aithint laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qp-5-policy-and-criteria-for-recognising-professional-awards-within-the-nfq.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2015. *Athráiteas ar Bheartas QQI: Beartas agus Critéir um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú maidir le Foghlaimeoirí do Sholáthraithe Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna.* [pdf]. Baile Átha Cliath QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/ATP%20Policy%20Restatement%20FINAL%202018.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2016. *Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qg-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2019. *Greille Táscairí Leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíohtaí.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/NFQ%20Grid%20Level%20Indicators.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/access-transfer-and-progression-provider.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh a rinne QQI* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/appealing-a-decision-made-by-qqi.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Dámhachtainí QQI a dheimhniú.* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/certifying-qqi-awards-provider.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Dámhachtainí ar an CNC san áireamh*. [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/listed-awarding-bodies.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Clár Cáilíochtaí na hÉireann* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/irish-register-of-qualifications.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí.* [ar líne] Ar fáil ag: https://

www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. ***Cosaint d'fhoghlaimeoirí rollaithe*** [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/quality-assurance-of-education-and-training/protection-of-enrolled-learners. [gabhfaidh rialacháin nua faoi Alt 29B den Acht a n-áit]

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. ***Aitheantas Réamhfhoghlama do Sholáthraithe*** [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/recognition-of-prior-learning-provider.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. ***Treoirlínte maidir le Dearbhú Cáilíochta:*** [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/node/632.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. ***Caighdeáin dámhachtana QQI*** [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/qqi-awards-standards.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. ***Cineálacha Dámhachtana QQI*** [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/qqi-awards-standards/types-of-qqi-awards.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2023. S*ainearnála Forais Cháiliúcháin Liostaithe - Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI le haghaidh Foras Cáiliúcháin Liostaithe a dhéanann teagmháil le QQI ar bhonn deonach.* (le foilsiú)

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2023. Croí-Bheartais agus Critéir maidir le Cuimsiú Dámhachtainí sa Chreat (le foilsiú)

**Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach**

Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Tuairimí agus barúlacha de chuid an údair/na n-údar amháin atá sna tuairimí agus barúlacha a thugtar, agus ní gá go léiríonn siad cinn an Aontais Eorpaigh ná cinn Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Ní féidir leis an Aontas Eorpach ná le EACEA a bheith freagrach astu.